

Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo



Córas le do chuntas
a sheiceáil ar-líne ag
www.cccholmcille.ie

Cárta ATM

Íasachtaí clúdaithe ag 5%

≡ **RAA** Ríomhaistriú Airgid **EFT** ≡

BIC & IBAN • Córas ar-líne

Dochar Díreach • Cárta Dochar

Uaireanta Oscailte

An Cnoc

Luan, Máirt 10.30-4.00

Déardaoin, Aoine 10.30 – 5.00

Satharn 9.30 – 2.30

Dúnta don lón ón

1.45 – 2.30 Luan go hAoine

An Cheathrú Rua

Déardaoin 10.30 – 5.00

Aoine 10.30 – 5.00

Satharn 10.30 – 2.30

Dúnta don lón ón

2.00 – 2.45 Déardaoin go hAoine

Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo., An Cnoc, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Teil: (091) 593421. Faics: (091) 593089. Ríomhphost: ccccte@eircom.net

Teil: (091) 869915 – oifig na Ceathrún Rua | nó tuilleadh eolais le fáil ar 

Biseach 2015



*Taobh Istigh: Cúrsaí staire, comórtha, gnó agus Gaeilge
mar aon le neart tuairimíochta agus pictiúir, idir shean agus nua*

Iris Chumann Forbartha Chois Fharraige

€5



Aon áit, Aon uair, Ar fud an Domhain

Buail is osclófar Knock and it will open

Logáil isteach ar www.gaeilge.ie leis an mbealach is tapúla a fháil go dtí an t-eolas atá uait. Féach na mionfhógraí ar NASC, áit ar féidir leat:

- › fógra a chur suas le cúrsa nó imeacht a lorg nó a fhógairt,
- › do réimse spéise a chlárú chun foláirimh a fháil a nuair a fhógraítear eolas nua, nó
- › a bhfuil ar fáil i do cheantar féin a chuardach – agus a lán eile.

Just log on to www.gaeilge.ie for the quickest route to the information you need. Check out the NASC classified ads where you can:

- › post an ad to request or advertise a course or event,
- › register your area of interest to get alerts when new info is posted, or
- › search for what's available in your neighbourhood – and much more.

 Foras na Gaeilge

1850 325 325 / 0845 309 8142
eolas@forasnagaeilge.ie



tg4.tv



iPad App



Smart TV App



TV

An Clár

Ábhar	Lch.
Na Coimínigh	3
Coláiste Cholmcille 60 Bliain	8
Na Toghcháin Áitiúla	17
Comharchumann Shailearna	19
Áit Bhreith an Chadhnaigh	21
An Spidéal 50 Bliain ó Shin	23
Comóradh an Oireachtais	27
Tomás Ó Con Cheadainn	30
Diarmuid Mac an Adhastair	31
Cois Fharraige le mo Linnse	32
An tIolar agus an Sicín	34
Fís '74 – Céard a Tharla Di?	35
Na Peileadóirí	39
Ó Chois Fharraige go Chicago	41
Úsáid na Gaeilge	43
Pisreoga	45
Scoláirí Chois Fharraige	46
Pleanáil Teanga	49
Forbairtí Áitiúla	53

Tá neart pictiúr ar fud na hirise.



Ar an gclúdach tá cuid de bhóthar Chois Fharraige a tógadh ón aer le ladrann, le caoinchead ó Dharach Ó Tuairisg (Fíbin). Ar dheis tá Seanscoil Sailearna agus níos faide siar ar chlé tá Coláiste Cholmcille.

*Clóbhualte ag Clódóirí CL, Casla.
091-506597
www.clprint.ie*

Foilsithe le cabhair airgeadais ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta

Biseach 2015

Focal ó Chathaoirleach Chumann Forbartha Chois Fharraige

Céard tá i ndán do Ghaeltacht Chois Fharraige? Léiríonn an Nuashonrú ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, a foilsíodh níos túisce i mbliana go bhfuil meath suntasach tagaithe ar úsáid na Gaeilge mar theanga pobail i bparóiste an Chnoic, an paróiste a mbíonn Cumann Forbartha Chois Fharraige ag plé leis. Thit céatadán na ndaoine a deir go n-úsáideann siad an Ghaeilge go laethúil ó 67% i 2006 go dtí 63% i 2011. Bhí an titim an-suntasach i gceantar Shailearna, an ceantar idir Abhann an Chnoic agus Abhainn Chromghlinne, ó 72% go 65%.

Ní gá ar ndóigh a bheith ag brath ar staitisticí daonáirimh leis an gcreimeadh a thabhairt faoi deara. Tá i bhfad níos mó Béarla le cloisteáil sna tithe tábhairne, sa séipéal, ar Pháirc an Chnoic, sna siopaí. Géilltear ró-éasca don duine glórmhar nach bhfuil Gaeilge acu nó níos measa fós nach bhfuil sásta an Ghaeilge atá acu a úsáid, mar gur mó cumhachta atá acu ag déileáil le daoine i mBéarla.

Is le dul i ngleic leis an gcreimeadh seo atá Plean Teanga á réiteach do cheantar Chois Fharraige. Ba é Cumann Forbartha Chois Fharraige a mhol Fóram a bhunú le hionadaithe ó na scoileanna, na clubanna spóirt, na heagraíochtaí pobail agus cultúrtha le tabhairt faoin bplean teanga a réiteach do cheantar Chois Fharraige, an ceantar a shíneann siar le farraige ó Shruthán na Liberties go dtí Abhainn Chasla. Tá cúig limistéar bunscoile sa gceantar: Na Forbacha, An Spidéal, An Cnoc, An Tulaigh agus Ros an Mhíl agus tá ionadaí amháin ó gach ceantar acu sin ar an gCoiste Stiúrtha, chomh maith le Bainisteoir Chomharchumann Shailearna agus Bainisteoir Chomhlacht Forbartha an Spidéil. Tá an obair ag dul ar aghaidh go maith agus bheadh súil ag an gCoiste Stiúrtha go mbeadh an Plean Teanga réidh le cur faoi

bhráid an phobail faoi shamhradh na bliana 2016.

Más féidir an méid sin comhoibrithe a dhéanamh le Plean Teanga a réiteach do cheantar Chois Fharraige, nach bhféadfaí an comhoibriú céanna a dhéanamh faoi ghnéithe eile den Fhorbairt Pobail. Lagafonn sé muid go bhfuil Coistí Pobail ag obair go neamhspleách ar a chéile ag iarraidh fadhbanna a réiteach ina gceantair féin, nuair atá na fadhbanna céanna le réiteach i gceantair eile in aice láimhe. An bhfuil sé in am múnla eile eagraíochta a chur le chéile do cheantar Chois Fharraige, a d'fhéadfadh labhairt le guth amháin faoina fadhbanna comónta atá againn? An bhfuil an iomarca paróisteachais ag baint leis an múnla atá ann faoi láthair? An mbeadh muid níos fearr as le cónascadh a dhéanamh idir Comharchumann Shailearna agus Comhlacht Forbartha an Spidéil ar lámh amháin agus na coistí pobail éagsúla ó na Forbacha anoir go Ros an Mhíl a thabhairt le chéile mar Chomhairle Pobail Chois Fharraige? Mar nuair a bheas an Plean Teanga réitithe beidh eagraíocht pobail ag teastáil lena é chur i bhfeidhm.

Tá muid ag braith ar a chéile.

Donnacha Ó hÉallaithe.

Focal Buíochais

Tá buíochas ó chroí dlite do chuile dhuine a chuidigh le hábhar, pictiúir, eolas agus ainmneacha a chur ar fáil don iris seo ach tá buíochas ar leith ag dul dóibh seo a leanas:

An Coiste Eagarthóireachta ar a raibh Máire Áine Ní Fhlathartaigh, Máire Mhic Lochlainn agus Donncha Ó hÉallaithe a rinne obair na gcapall don iris.

Do Jimí Joe Shéamuis, Breda Ní Choisdealbha, Áine Ní Thuathail, Peigí Ní Thuathail, Bríd Ní Chéidigh, An Chomhairleoir Seán Ó Tuairisg, Pheadar Ó Sé agus Yvonne Nic an Adhastair a chuidigh le pictiúir agus le hainmneacha Choláiste Cholmcille.

Do Dharach Ó Tuairisg ó Meangadh Fíbin a thóg an pictiúr ón aer dúinn, atá ar an gclúdach.

Do na daoine ar fad a chuir píosáí agus pictiúir ar fáil don iris: Lochlainn Ó Tuairisg, Cóil Learaí Ó Finneadha, Peadar Mac an Iomaire, Seán Ó Cadhain, Seosamh Ó Cuaig, Joe Steve Ó Neachtain, an tOllamh Gearóid Denvir, Dr. Pádraig Ó Héalaí, Gearóid Ó Fátharta, an tOllamh Gearóid

Ó Tuathaigh, Mártan Ó Ciardha, Dr. Eoghainín Ó hAinmhire, Breandán Ó Tuairisg, Máire Áine Ní Fhlathartaigh agus Máirín Ní Lochlainn, Donncha Ó hÉallaithe, Máire Ní Neachtain agus Ruaidhrí Ó Tuairisg.

Buíochas freisin do Mhicheál Ó Conghaile agus d'fhoireann chlódóireachta CLPrint i gCasla – agus buíochas ar leith do Chonall Ó Murchadha a rinne an leagan amach ar an iris.

Mar fhocal scoir, gabhtar buíochas ó chroí leis an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta a thug deontas airgid leis an iris seo a chur ar an bhfód mar aon leis an lucht gnó ar fad a ghlac fógra i mBiseach na bliana seo: Foras na Gaeilge, Siopa an Phobail, Cló Iar-Chonnacht, Éamon Ó Cuív, TD, Tigh Chualáin, An Poitín Stil, Coláiste Lurgan, An Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh, Tigh Dhurcáin, Conradh na Gaeilge, Comharchumann Shailearna, Údarás na Gaeltachta, Clódóirí CL Print, TG4 agus Comhar Creidmheasa Cholm Cille.

Go gcúití Dia bhuir bhflaithiúlacht libh ar fad.

Seosamh Ó Braonáin, Eagarthóir.



JOYCE'S

Siopa an Phobail

INDREABHÁN

PRAGHSANNA ÍSLE AR

BHREOSLA I gCÓNAÍ



Siopa Chló Iar-Chonnacht

- Rogha iontach leabhar agus dlúthdhioscaí do dhaoine óga agus do dhaoine fásta.
- Ceol ar an sean-nós, ceol gaelach, pictiúrleabhair, úrscéalta, leabhair do ghasúir scoile agus d'fhoghlaimeoirí.

Buail isteach chugainn i bPáirc Ghnó Shailearna,
(trasna ó Choláiste Cholmcille).
Bíonn muid oscailte ó Luan go hAoine.

www.cic.ie

Teil: 091-593307

eolas@cic.ie



FIANNA Fáil
THE REPUBLICAN PARTY

Éamon Ó Cuív T.D.

Oifig Dáilcheantair, Teach Kirwin, Sráid Thobar an Iarla, Gaillimh
Constituency Office, Kirwin House, Flood St. Galway
Fón/Ph: 091-562846 / Facs/Fax: 091-562844
Rphost/ Email: eamon.ocuiv@oireachtas.ie
www.eamonocuiv.ie

Tigh Cualáin

Teach Ósta & Lóistín



Coill Rua,
Indreabhán,
Gaillimhe.

Fón: +353 91 553609

tichualain@gmail.com

www.tighchualain.com



Na Coimínigh agus Dúiche Shailearna sa 19ú hAois

Lochlainn Ó Tuairisg

Sa mbliain 1796 phós Laurence Comyn Jane Lynch, iníon le Nicholas Lynch as Bearna agus Catherine Blake as Baile na Cille. Bhí léas 999 bliain ag Nicholas ar “Sellernamore” ón mbliain 1774, tráth ar thóg a athair, Marcas, léas 31 bliain ar thailte “at Spiddal and Sellernamore” ó Oliver Martin, Tul Aighre, Contae na Gaillimhe.

Tá “Sellernamore” marcáilte ar léarscáil an Down Survey (1656–8) idir Abhainn Chromghlinne agus Abhainn an Chnoic. (Síneann “Sellernabeg” ar an léarscáil chéanna siar ó Abhainn Chromghlinne, ag cuimsiú cheantar na Mine, na Tulaí agus Bhaile na hAbhann siar chomh fada le Ros an Mhíl.)

Ba dhlíodóir in Inis é Laurence Comyn agus bhí talamh aige thart ar Chill Choirne in iarthar an Chláir. Chaithfeadh sé go raibh sé sa míliste freisin, mar bhí sé i gceannas ar chuid de na cúirteanna míleata sa gceantar tar éis Éirí Amach 1798. Sa mbliain 1799 cheannaigh sé an léas 999 bliain ó Chatherine, baintreach Nicholas Lynch, ar £4,250 agus cíos bliantúil £350 15s 4d. Faoi Lá Bealtaine 1805 ba le Laurence Comyn talamh sa Spidéal agus Sellernamore. Bhí “Middle Spiddal” agus “Shanagurrane” i seilbh *Mr and Mrs French*, agus cheannaigh Laurence an talamh sin uathu in 1810 ar £3,900.

Ar Shráid Dominic i nGaillimh a bhí cónaí ar Laurence agus Jane tar éis dóibh pósadh. Thart ar an am céanna bhí airgead ag dlíodóir as Gaillimh, Patrick


Barrett, ar Valentine Blake, “for the clearance of which V. Blake did sell and release all the town and lands of Drum, Pollagh and Ballinastruane in the Galway Liberties, to Patrick Barrett forever”. (Idir chathair na Gaillimhe agus Maigh Cuilinn atá na tailte seo.) Cheannaigh Laurence Comyn talamh an Bhlácaigh ar £4,600 agus thóg sé seilbh ar an teach mór a bhí ann, Woodstock, sa mbliain 1815. Bhog Valentine Blake siar agus chuaigh chun cónaithe ar a chuid talún sa Tulaigh.

Ón mbliain 1810 ar aghaidh bhí Sellernamore, Middle Spiddal agus Shangurrane i seilbh Laurence Comyn, ach ní raibh sé ag dul go maith dó. In 1819 scríobh sé *memorial* (litir achainí) chuig an Tiarna Leifteanant, ag gearán go raibh a chuid tionóntaí éirithe as a

bheith ag íoc cíosa. Chuir sé a mhilleán uilig ar phoitín: “*illicit distillation ... has occasioned a great neglect of their usual habit of industry, a total subversion of morals, a spirit of violent insubordination to the laws and disaffection to the Government*”. Bhí a chuid tionóntaí an-dána: “*they openly declare they will pay no rent ... and will rescue all cattle & crops that have or may have been distrained, that they will not allow any person to take any of memorialist’s [Comyn] unoccupied lands nor allow any herdsman to take care of them*”. Las siad teach leis agus ghearr siad drioball beithigh a bhí ar a chuid talún, agus “*they further declare that if memorialist shall eject them that they will not quit until compelled by military force and that as soon as the sherriff and military shall retire that they will again return and reoccupy the lands and pay no rent.*”

Triúr mac, Francis, John Sarsfield agus Peter Sarsfield, a bhí ag Laurence Comyn agus Jane Lynch, agus beirt iníon, Catherine agus Harriet.

Bhásaigh Laurence in 1820 agus gan Francis ach trí bliana déag. Fágadh Sellernamore ag John Sarsfield agus an talamh sa Spidéal ag Peter Sarsfield. Fuair Catherine £3,000 agus Harriet



Eastáit Mhuintir Choimín i gConamara in 1855. Buiochas le Conall Ó Murchadha a chur an mapa ar fáil.

£3,000. Ag Francis a fágadh chuile rud eile. Phós seisean Honoria Beytagh as an gCeapach, Gaillimh, in 1834.

In 1833 fuair John Sarsfield Comyn iasacht (morgáiste £500 móide cíos ainmniúil ar léas 999 bliain) ar Sellernamore ó Martin Morris sa Spidéal. Ach is cosúil gur éirigh leis é a íoc ar ais. Faoin am seo bhí Jane agus Peter Sarsfield ina gcónaí ar Fhaiche Stiabhna i mBaile Átha Cliath. Fuair John Sarsfield bás in 1835 – níor phós sé riamh. D'fhág sé Sellernamore ag Francis.

Faoin mbliain 1837 bhí Francis ag íoc £100 an duine sa mbliain lena mháthair Jane, le Peter Sarsfield agus le Catherine – an t-airgead sin uilig ag teacht ón eastát i Sellernamore.

Maidir le Francis, ba ghiúistís é i mbaile mór na Gaillimhe, i gContae an Chláir agus i gContae na Gaillimhe. Bhí sé ina bhall d'Ard-Ghiúiré an Chontae agus de Bhord Caomhnóirí Theach na mBocht. Caitliceach a bhí ann, agus náisiúnach, agus thacaigh sé go láidir le feachtas *Repeal* Dhónaill Uí Chonaill. Chuir sé féin *Club Repeal* ar bun in aice

lena áit chónaithe (“Éamunn-a-chnuic” an t-ainm a thug sé air) agus bhunaigh sé ceann eile i Maigh Cuilinn. Chaill sé a choimisiún mar ghiúistís dá bharr, ach bhí sé an-ghaisciúil as a bheith in ann “Francis Comyn ex-J.P.” a thabhairt air féin, is cosúil. Bhí sé mór le lucht Éire Óg – thug Thomas Francis Meagher portráid de féin dó – agus chaith William Smith O'Brien cúpla lá i Woodstock in 1858. Thacaigh sé le feachtas an Athar Matthew in aghaidh an óil.

Le linn an Ghorta Mhóir chaith sé cuid mhór airgid ag ceannacht síolta agus min bhuí dá chuid tionóntaí i gCois Fharraige. Fuair sé cead in 1847 ó Choimisinéirí na nOibreacha Poiblí £2,500 a chaitheamh sa gCnoc, sna hAille, sa Lochán Beag agus i gCor na Rón. An bhliain dár gcionn fuair sé cead an tsuim chéanna a chaitheamh ar a chuid tailte sa Droim Thoir, sa Droim Thiar agus Buailte na Sruthán.

Chuaigh sé i bhfiacha dá bharr. I litir sa *Galway Vindicator* a foilsíodh 29 Meitheamh 1849, scríobh sé:

... for the last two years I have not

received out of this property at Sellernamore sufficient to pay the poor rates chargeable upon it – that besides giving to my tenantry seed and meal during the year of the famine, of seed alone to over the amount of 600 pounds, I have made myself responsible to the Board of Works ... to the amount of £500 for the purpose of giving employment to my poor tenants.

An bhliain dár gcionn, 1850, bhí sé liostáilte sa bpáipéar mar dhuine a raibh rátaí le n-íoc aige.

Mar sin féin, níor leas leis a chuid féin a éileamh. Mí Lúnasa 1848 agus an gorta faoi lán seoil rinne sé iarracht sa Lochán Beag “*distress for rent*” a chur i bhfeidhm – próiseas dlí ina dtógfaí maoín de chineál éigin, bó nó lao, abair, i leaba cíosa. Bhailigh muintir na háite le chéile agus thug faoi “*a rescue accompanied with great violence on a part of my property there*”. Tógadh beirt ach dhiúltaigh an báille fianaise a thabhairt ina n-aghaidh.

Ag an am seo ba le Peter Sarsfield Comyn Seanadh Gharráin agus Spiddal Middle, agus bhí talamh i Rathún aige chomh maith. Ba eisean ba chúis leis (agus a d'íoc as) an dá ghunna mhóra a bronnadh ar na *Connaught Rangers* aimsir an chogaidh sa gCrimé a thabhairt go Gaillimh. Bhí cónaí air siúd in i mBaile as Bhrúnaigh (Brownville), sa gCillín, ó thuaidh de bhaile mór na Gaillimhe. Dhíol sé a chuid talún sa Spidéal sa mbliain 1860. Cheannaigh *The Rt Hon. Judge Michael Morris* Spiddal West. Cailleadh Peter Sarsfield go tobann i gCorcaigh in 1866. D'fhág sé talamh i Rathún ag mac le Francis, Francis Lorenzo, agus a theach ag iníon le Francis, Rose. D'fhág sé an chuid eile ag Francis.

I dtreo dheireadh a shaoil bhí cónaí ar Francis Comyn i mBaile Átha Cliath, ar Shráid Fhearchair i dtosach agus ar Chearnóg Mhuirfean ina dhiaidh sin, lena mhac George, dochtúir, duine d'ochtar clainne. Bhásaigh sé in 1873.

Ba é a mhac siúd, Francis Lorenzo Comyn, a ghlacfaidh cúraimí dhúiche Shailearna air féin. Ar 6 Samhain 1835 a rugadh Francis Lorenzo. Fuair sé a chuid oideachais i gColáiste na Tríonóide agus bhí sé ina leifteanant i Mílíste na Gaillimhe. Cheannaigh sé Middle Spiddal agus Seanadh Gharráin in 1860 óna uncail Peter Sarsfield Comyn. Rinneadh ghiúistís de in 1866 agus bhí sé ina Ard-Sirriam ar Ghaillimh dhá bhliain ina dhiaidh sin. Bhí sé pósta le Síle Bourke as an gCeathrú Chaol, Leathardán, i gContae Mhaigh Eo. Fuair

An Poitín Stil

**Ceol agus Craic
gach Deireadh Seachtaine**

**Bord Pool
Spóirt ar Theilifís Ollmhór
Cóisiúr, Breithlaethanta & 21
091-593237
Faoi Úinéar Nua:
Claire Mcanulty & a Muintir**

sé talamh i dTír Amhlaidh ón bpósadh seo. Faoi mbliain 1878 bhí seilbh ag Francis Lorenzo Comyn ar 3654 acra i gContae Mhaigh Eo, breis agus 7000 acra i gContae na Gaillimhe agus 1961 acra i gContae an Chláir. Thart ar an am seo, agus é i mbarr a réime, cheapfa, thosaigh cúrsaí ag dul ina aghaidh.

Sa mbliain 1877 bhí an aimsir go dona agus an fómhar dá réir. Bhí cúrsaí amhlaidh an bhliain dár gcionn agus bhí an bhliain 1879 níos measa arís maidir le haimsir agus fómhar. Bhí go leor tionóntaí ar fud na hÉireann nach raibh ar a gcumas an cíos a íoc. I bhfómhar na bliana 1879, chuala Francis Lorenzo óna ghníomhaire, John Redington, Prospect Hill, nach raibh a chuid tionóntaí ag íoc cíosa. (Bhí sé féin ina chónaí sa bhFrainc ó dódh go talamh teach mór Woodstock in 1877.) Mísc, trioblóid agus achrann a bhí á tharraingt ag lucht na gluaiseachta nuabhunaithe Conradh an Talún, dar leis: bhí an aimsir chomh dona céanna sa bhFrainc ach bhí an cíos á íoc. Scríobh sé chuig an *Times* i mí Dheireadh Fómhair ag maíomh: “*The rents have not been raised for over 31 years and there is no evidence of distress among the tenantry. [...] If I write strongly I feel strongly, for I and mine have been for centuries one in faith and feeling with our tenants. We have never been unjust and harsh landlords, and few, if any, of equal fortune have given more assistance in bad, more employment at all, times.*”

Tar éis gur dhúirt sé nár ardaíodh an cíos le breis agus tríocha bliain, thug litir ón Athair Hanrahan, sagart paróiste Bhaile Uí Bheacháin, Contae an Chláir, áit a raibh talamh aige, le fios nach raibh sé ag inseacht na firinne. Go deimhin, dúirt sé gur ardaíodh an cíos faoi thrí ón mbliain 1847 i leith.

Ar 25 Deireadh Fómhair 1879 bhí *memorial* sa *Freeman's Journal* ón sagart paróiste i gCois Fharraige, Patrick Lyons, a shéiplíneach, Patrick Manion, agus 130 tionónta, ag rá gur chlis ar na fataí agus go ndearna siad chuile iarracht an cíos a íoc ach nach raibh an t-airgead acu. Bhí na tiarnaí talún eile sa gceantar, a dúirt siad, sásta an cíos a laghdú 20%–25%. Ba dána an mhaise do na tionóntaí

é, a scríobh Francis Lorenzo ar ais, tar éis a ndearna a athair dóibh in aimsir an chruatain:

Twenty-three years ago I was very young, yet I remember what did occur, and I tell it with shame for the tenants who have so utterly forgotten former benefits. Early in the famine years my late father inherited a considerable sum of money, not one shilling of which remained in 1850. It had all gone in remission of rent, relief works and on meal bought to keep his tenantry alive. It was as late as 1860 that he paid the last claim of meal of £1200. The greater and lesser boilers in which it was cooked are still at Woodstock. In 1848-9 he “striped” the land, giving everyone, no matter what his means, a share. Many who insisted on getting portions were unable to till them. Many went to America, and as holdings became vacant they were divided amongst those who remained, the rents being subscribed and paid in the names of the original tenants ... the system became intolerable ... the properties were added to the actual tenants’ rents ... making an apparent not real increase [...] I confess I never expected to have to defend my father’s memory from his tenants – from men and sons of men, who in a time of real distress, fed on and survived through his bounty. Had he acted like others ... had he “cleared” the lands, sent his poorer tenants to the workhouse and divided the land into good farms for the well-to-do, I might today be met with a contented tenantry, telling me they wanted no reduction ... I have never in my life evicted a tenant.

Chuir sé go leor den mhilleán ar Chonradh na Talún, ar Pharnell agus ar bholscaireacht.

Ar 3 Nollaig foilsíodh *memorial* eile, an uair seo óna chuid tionóntaí sa Droim agus i mBuaile na Sruthán. Rinne siad tagairt don “*crushing load of rent*”

agus chuir siad ina leith nuair a thugaidís talamh sléibhe chun míntíreachais gur ghnách leis seilbh a ghlacadh air, gan aon chúiteamh a íoc agus é a ligean le “*fat grazier*” éigin. Cheistnigh sé go poiblí na hainmneacha ar an *memorial*, ag rá gur “*fat graziers*” beirt de na hainmneacha a cuireadh leis agus go raibh daoine eile ann nár thoiligh a n-ainm a chur leis beag ná mór, agus go raibh dream eile fós luaite leis nár ardaíodh a gcíos le fiche nó tríocha bliain.

Seachtain ina dhiaidh sin, ar an 10 Nollaig, chuaigh seirbheálaí próiseanna, John Tully, agus a mhac go Sailearna le fógraí díshealbhaithe do thionóntaí áirithe. Mar a scríobh Francis Lorenzo i litir chuig an *Times* cúpla lá ina dhaidh sin:

When two process servers, escorted by three policemen, attempted to serve on the tenants the necessary notices, they were attacked by a mob – not tenants – of from two to three hundred men, stoned, the papers taken from them; one of the process servers, as the doctor certifies, left in danger of death, the other and one of the policemen much injured.

An lá dár gcionn chuaigh Comyn agus an cigire contae siar. Tógadh fear amháin. Thug beirt suas iad féin agus tugadh an cas os comhair Chúirt na Mionseisiún sa Spidéal. Chuaigh an tAthair Lyons agus Uachtarán Choláiste Iarlatha i dTuaim, an tAthair Patrick Kilkenny (a chaith tamall ina shéiplíneach sa bparóiste), i mbannaí orthu. Chuaigh an cas ar aghaidh go dtí Cúirt na Seisiún i nGaillimh. Ciontaíodh naonúr: Mark Connolly, Coleman Keady, Martin Connolly, Michael Feeny, John Faherty, Peter Connolly, Bartly Kyne, William Clancy agus Stephen Connolly. Ach tar éis an méid a tharla, thug Francis Lorenzo teistiméireachtaí dóibh uilig: “*he had reason to know that they had been not only induced but forced into connection with the riot.*”

Gearradh deich mí príosúin agus daorobair ar Mark Connolly; ocht mí ar Coleman Keady; sé mhí ar Martin

Fáilte go Coláiste Lurgan



*Gaeilge gan dua
i gceartlár na Gaeltachta*

*Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Fón 091 593182*



An Seanadóir

Trevor Ó Clochartaigh



Ag obair ar son mhuintir na Gaillimhe,
pobal na Gaeilge & na Gaeltachta

Ag obair leis na Comhairleoirí
Tom Healy, Gabe Cronnelly, Dermot Connolly,
Mairéad Farrell, Cathal Ó Conchúir & Anna Marley

Oifig na Gaillimhe:
3ú Urlár,
Teach Ross,
Bóthar na gCeannaithe.
(091) 567921

nó

An Caorán Beag,
An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe

R-phost/: trevor.oclochartaigh@oireachtas.ie
Idirlíon: www.trevoroc.com

Fón póca: (00353) 87 2476624

Connolly agus Michael Feeny; ceithre mhí ar John Faherty; trí mhí ar Peter Connolly, William Clancy agus Bartly Kyne agus dhá mhí ar Stephen Connolly. Cuireadh bannaí dhá bhliain orthu go léir chomh maith.

Faoi seo bhí ag teip ar chíosanna Francis Lorenzo Comyn. B'éigean dó morgáiste a thógáil amach ar a chuid tailte uilig i mbarúntacht Mhaigh Cuilinn leis an National Bank, agus chuaigh roinnt breithiúnas ina aghaidh sa gcúirt chomh maith: mar shampla bhí luach £33 13s 5d de shíolta amuigh air ag ceannaí i mBaile Átha Cliath.

Ar 19 Nollaig 1880 bhí cruinniú ag an gcaobh áitiúil de Chonradh na Talún sa Spidéal agus rith siad an rún seo a leanas: *"That we the tenant farmers of Spiddal and surrounding districts proclaim with one voice that the rents on the properties in this districts are exorbitant, being nearly 70% over Griffith's Valuation."*

Ar an 30 Eanáir 1882 bhí fochoiste de chuid Choimisiún na Talún i dTeach na Cúirte i nGaillimh. Faoi fhorálacha acht talún na bliana 1882 bhí sé de cheart ag an gCoimisiún teacht ar shocrú leis an tiarna talún agus an tionónta maidir le céard ba chíos cóir ann. An babhta seo bhí *"Francis Lorenzo Comyn, landlord"* agus *"Pat Concannon, tenant, and other tenants"* i láthair. Thug na Coimisinéirí J. O'Shaughnessy agus J. Houghton cuairt ar Shailearna. Dhéanfaí socrú faoi chíosanna Shailearna ag an gcéad seisiún eile i mBaile Locha Riach, ach d'éirigh deacrachtaí maidir leis an luachóir a d'fhostaigh na tionóntaí le luach a chur ar a gcuid talún. Is cosúil nár taispeánadh na tailte ábhartha dó.

Ba léir faoi seo go raibh deacrachtaí airgid ag Francis Lorenzo, mar is léir ó litir sa *Galway Vindicator* ar 26 Samhain 1882 ón Athair Lyons:

John Redington, the sub-sheriff of Galway, agent and receiver under the Court of Chancery over some ten properties in the county of Galway, has given every benefit of the act by settling with the tenants in the most amicable way the rent due to the

landlords in 1881. A positive proof of his kind indulgence I can bear creditable testimony to in my own parish in the Selerna property, belonging to Mr. Francis Comyn, over which he is the receiver, with the consent of the landlord and the sanction of the Court of Chancery he has given all the tenants, 100 in number, leave to take advantage to the fullest extent of the act.

Thángthas ar shocrú deireanach ar thailte Francis Lorenzo i mí Feabhra 1884. Faoi fhorálacha an achta sheasfadh an socrú seo cúig bliana déag.

Sa mbliain 1891 bunaíodh Bord na gCeantar Cúng chun fóirithint ar cheantair in iarthar agus i ndeisceart na tíre, áit ar raibh an iomarca daoine ag saothrú a mbeatha ón talamh. Nuair a roinneadh luach inráitithe an cheantair ar an líon daoine a bhí ina gcónaí ann agus dá mba tríocha scilling nó níos lú a bhí fágtha ag a dheireadh bhí sé *congested*.

In 1891 b'ionann seo agus 3.5 milliún acra agus breis agus leathmhilliún duine. Faoi 1910 bhí sé sin dúbailte. Bhí tailte uile Francis Lorenzo Comyn i gceantracha cúnga. Nuair a thug cigire de chuid Bhord na gCeantar Cúng cuairt ar Chois Fharraige in 1892 scríobh sé: *"It is impossible to watch the daily lives of the people without being deeply impressed by the hardship which they and their animals endure. [...] The tenants are hopelessly in arrears; the difficulty if not impossibility, of selling the small cattle, and the scarcity of pigs this year, are conditions unfavourable to their prospects of obtaining the means to pay rent"*.

Faoi seo bhí Francis Lorenzo báite i bhfiacha. Bhí morgáiste aige leis an National Bank ó thús na 1880í. Agus bhí morgáiste £3,491 ag Mr Davy as Béal Átha na Sluaighe ar a chuid talún, *"Cornarona East, West and Middle"*, *"Loughanbeg with Taghmore subdenomination"*, *"Aille"* agus *"Knock South"*. Nuair a dhíol sé leis é ní raibh ar Davy ach an t-iarmhéid a íoc móide táille £9 agus cíos bliantúil ar Chor na

Rón de £265. Díoladh cearta foghlacaireachta agus iascaigh i Spiddal Middle agus Seanadh Gharráin leis an Tiarna Killannin thart ar an am céanna.

I 1902 dhíol Bord na gCeantar Cúng Woodstock agus díoladh an chuid eile de thailte Francis Lorenzo idir 1902 agus 1907. Tír an Iúir, Baile Átha Cliath, an seoladh deiridh a bhí ag Francis Lorenzo Comyn in Éirinn, agus ba i Leigh i Sasana a bhí sé ina chónaí nuair a cailleadh é sa mbliain 1910.

Is deacair gan trua áirithe a bheith agat do Francis Lorenzo Comyn. Ní drochdhuine a bhí ann. Nuair a chuirtear i gcomparáid leis na tiarnaí talún sa dúiche chaon taobh de, na Blácaigh, ba naomh é. Ba é a athair a bhronn an talamh ar an tógadh an séipéal agus an talamh ar ar tógadh an tSeanscoil. Agus rinne a athair a sheacht ndícheall céibh a chur á tógáil ar an Aill Fhinn cé gur sa Spidéal a tógadh an chéibh ar deireadh. Ní mhaireann aon seanchas diúltach ina thaobh; go deimhin ní mórán seanchais chor ar bith atá ar marthain faoi. Bhí tailte uile Francis Lorenzo Comyn i gceantair chúnga, agus bhí 150 tionónta aige i nGaillimh agus i gContae an Chláir. Fuair sé tromlach a chuid ioncaim ó na 100 tionónta i Sailearna. Ó tharla go raibh sé ag fáil iasachtaí agus morgáistí in aghaidh na talún, nuair a d'ísligh sé an cíos, mhéadaigh na fiacha. Agus nuair a bhí sé ag brath an oiread sin ar cheantar a bhí beo bocht agus tionóntaí dearóile ní raibh sé éasca aige. Agus bhí an saol athraithe: nuair a bhí teachtaireacht Chonradh na Talún san aer go raibh sé de cheart agat seilbh a bheith agat ar an talamh a shaothraigh tú, cuma cé chomh bocht, bhí sé réidh. Bhí lá na dtiarnaí talún caite.

Nóta: Bhí mé go mór i dtuilleamaí G Beggan, The Political Lives and Times of the Comyns of Woodstock Galway (2003, tráchtas neamhfhoilsithe, Leabharlann James Hardiman, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh) agus mé ag réiteach codanna den aiste seo.

Coláiste Cholmcille

60 Bliain ar an bhFód

Cóil Learaí Ó Finneadha

Tá Coláiste Cholmcille suite i mbaile na hAille in Indreabhán, Conamara. Tá sí trí scóir bliana ar an bhfód anois. Is í Coláiste Cholmcille an féirín is fearr agus is fóiniméidí a tháinig go Cois Fharraige go dtí sin. Bhí an ceantar foirgthe ag aicid agus ag anachain na himirce le blianta. Nuair a bhíodh na gasúir réidh leis an mbunscoil ní raibh i ndán dóibh ach an Bád Bán soir nó steamer Mheiriceá siar, cé is moite de chorrduine a d'fhan lena muintir sa mbaile. Ní raibh mórán foráis i ndán dóibh ag stracadh agus ag stracáil, ag strachailt agus ag tiarail ar ghiodán creagach, gann gortach. Is minic go bhfanfadh beirt sa mbaile agus go roinnfí an giodán eatarthu, rud a d'fhágfadh cúrsaí níos measa agus iad fágthaí i dtuilleamaí na spáide ag scríobadh creaga.

Bhí cuid mhaith de na tuismitheoirí a fágadh tuirseach den pholasaí seo agus chuadar ag cur a gcomhairle i dtoll a chéile nár mhór beart a dhéanamh a rachadh chun sochair agus tairbhe don aos óg sula mbeidís tolgthaí ar fad ag íospairt na himirce. Rinne siad éileamh ar Cheardscoil i gcomhar leis an sagart paróiste, an tAth. Ó Ceallaigh. D'aontaigh sé leo ar an toirt boise agus d'iarr sé orthu é a fhágáil faoi fhéin. Dearnadh amhlaidh agus ní fada go raibh freagra faighte ag an sagart ach ní mó ná sásta a bhí sé as an bhfreagra! Bhí cruinniú eile ag muintir an cheantair leis an sagart agus cuireadh foracún ainmneacha go Baile Átha Cliath, ag éileamh na Ceardscoile. Is é an freagra a tháinig ar ais ná go raibh áit sa Spidéal agus nach raibh ach cúpla ógánach as an gceantar seo ag freastal ar an ionad sin. Cuireadh scéala ar ais gur áit cíosa a bhí sa Spidéal agus nach raibh buaineadas ar bith le háit ar chíos, rud a bhí fíor mar go raibh áit ar cíos acu féin tigh Mhaitiú Uí Dhiolúin ar an Teach Mór agus nach raibh aon ghlacadh acu ach le daoine fásta. Bhí meánscoil ar an Spidéal chomh maith ach ní raibh aon ghlacadh le buachaillí inti mar gur cailíní amháin a bhí ansin agus a bheadh ann.

Sin mar a bhí rudaí an uair sin, mar má bhí tada le déanamh ag an gcléir le cúrsaí den sórt sin bhí toirmeasc ar fhireannaigh a bheith i bhfoisceacht gráig asail don chlochar, más faitíos bradaíle nó aistiúlacht é. Ach nach cuma, tá an saol athraithe anois agus ní dochar é.

Lean an Spidéal ar aghaidh mar sin agus lean muintir Indreabháin iad féin ag tumpáil tuláin ar a stárrtha. Bhí sé ráite go raibh stuacaíl idir an dá shagart iad fhéin, ach sin scéal eile. Aistríodh an Ceallach taobh soir den chontae agus ba cailliúint mhór don áit é. Bhuaileadar ar an mullach cúis agus cás na scoile ar feadh píosa fada nó gur bhuail daol eile muintir na háite aríst. Bheartaigh roinnt acu a theacht le chéile, a ghoil go Baile Átha Cliath agus a ghoil ag cócaireacht le Dev a bhí ina Thaoiseach ag an am. D'éist Dev leo agus tháinig an scéala go mbeadh an scoil le fáil acu ach áit fheiliúnach a phiocadh amach.

Ceannaíodh an suíomh ó Stiofán Ó Céidigh as na hAille agus tógadh an scoil. Ba é Canning as Bearna an conraitheoir agus ní raibh an tógáil i bhfad ar bealach cé go raibh obair na gcapall ann ag plé le cloch. Bhí tír agus talamh ar thóir oibre ann ach níor

tógadh ach an té a raibh cuma na maitheasa ann. Osclaíodh an scoil i mí Feabhra 1955 agus 50 scoláire a bhí ceaptha a bheith inti. Ní raibh an 50 ann ar chor ar bith, idir bhuachaillí agus cailíní, agus féach anois í agus os cionn dhá chéad go leith scoláire inti.

Chaith mé fhéin tríocha cúig bliain ag obair sa scoil agus is iomú athrú a thug mé faoi deara ó aimsir na tine móna go dtí an cnaipe teasa ar an mballa. Chaithfinn a rá go raibh téarma sona sásta agam ann. Bhí foireann iontach ann ó thosaigh mé go deireadh mó thréimhse agus tá cuid acu básaithe anois, beannacht Dé leo.

Ón lá ar thosaigh mise go dtí an lá ar chríochnaigh mé ní raibh focal gangaideach idir mé fhéin ná na scoláirí ná na múinteoirí. Bhíodh corr-uail le cloisteáil ó am go ham ach ní bhíonn chuile lá grianmhar. Caithfidh mé a rá go raibh agus go bhfuil foireann teagaisc i gColáiste Cholmcille chomh maith agus atá in aon Choláiste sa tír agus mura gcreideann tú mé cuir do ghasúr ann. Chonaic mise an t-am nach raibh ag na scoláirí ach an cliotar-cleatar a bhí ag na seanghléasanna clóscríofa, ach rinne siad an gnó. Tá lán seomra de scáileáin anois ann.

Thosaigh an t-áras seo amach leis an ainm Gairmscoil Cholmcille, as sin go dtí Coláiste Cholmcille, agus b'fhéidir fós go dtí Ollscoil Cholm Cille. Bíonn áthas orm nuair a fheicim an méid daoine óga atá thart orm, iarscoláirí, bail ó Dhia orthu, atá fásta agus iad coinnithe as caochpholl na himirce - mó chlann fhéin agus garchlann ina measc. Fágaim mo bheannacht ag na daltaí ar fad, ag tuismitheoirí agus múinteoirí, ag príomhfheidhmeannaigh agus ag cigirí. Beannacht Dé leis an té atá imithe agus saol fada ag an té atá fanta.



Gairm Scoil Cholm Cille c.1960

Chun tosaigh, ó chlé: Máirtín Ó Cualáin (Béal an Átha), Bríd Ní Fhátharta (Baile an tSléibhe Baile na hAbhann), Séamus Ó Fátharta (Na hAille), Máire Bhreathnach (An Tulaigh), Tadhg Ó Conghaile (An Chathair), Máire Ní Fhiadhna (Indreabhán), Caoimhín Ó Flatharta (An Cartúr Caol), Máire Eibhlín Ní Chonghaile (An Cartúr Caol), Peadar Ó Cadhain (An Cartúr Leathan) agus Máire Ní Fhlatharta (An Cartúr Caol).

Sa dara líne (triúr), ó chlé: Máire Ní Chualáin (Na Mine), Máire Ní Chadhain (An Cartúr Leathan), Bairbre Ní Churraoin (Na Mine).

An tríú líne siar, ó chlé: Seán Ó Mainnín (Príomhoide), Maidhc C. Ó Conghaile, (Sáile Chuanna), Seán Ó Conghaile (Púirín), Áine Ní Thuathail? (Na hAille), Gearóid Ó Conghaile (Sidheán), Séamus Ó Conchubhair (Sidheán), Micheál Ó Conghaile (Púirín), Séamus Ó Neachtain (Seanadh Mhóinín), Ní Fios, Pádraig S. Ó Cadhain, (An Lochán Beag), Berni Bhreathnach (Múinteoir Tís) agus Dónall Ó Díomsaigh (Múinteoir).

Líne cúil, ó chlé: Seán Breathnach (An Bhánrainn), Pádraig Ó Cualáin (Na Mine), Antoine Ó Curraoin (An Chloch Mhór), Pádraig T. Ó Conghaile (An Cnoc), Bríd Ní Thuathail (An Cartúr Caol), Máire Bhreathnach, (Coill Rua), Máire Ní Dhiolúin (An Chloch Mhór), Pádraig M. Ó Conghaile (Púirín), Micheál Ó Gabhnáin (thaobh thiar) (Coill Rua), Seán Ó Fátharta (Doire Locháin Thiar) agus Stiofán Ó Gabhnáin (Seanadh Gharráin).



Múinteoirí sa Scoil deireadh sna nóchaidí:

Ar chúl, ó chlé: Pádraig Ó Lochlainn, Seán Ó Tuairisc, Tom Sailí Ó Flatharta, Tommy Glynn, Tom Ó Neachtain, Tomás Mac Con Iomaire, Gearóid Dooley, agus Breandán Ó Callaráin. Chun tosaigh, ó chlé: Seán Ó Mainnín (Príomhoide), Anna Finnerty, Sibéal Bhreathnach, Orla Bhreathnach, An tAth. Pádraig Audley, Gertrude Nic an Iomaire agus Breda Kilbane.



Buaiteoirí Chraobh na hÉireann ag Féile Náisiúnta Drámaíochta na Scol leis an dráma *Chun na Farraige Síos*.
 Chun tosaigh, ó chlé: *Sorcha Ní Fháttharta, Caroline Ní Thuairisg, Máire Ní Choisdealbha, Caitriona Ní Fhinneadh, Siobhán Ní Bhrádaigh, Dóirín Breathnach, Páraicín Nic Dhonncha*. Ar chúl, ó chlé: *Murt Ó Conghaile, Deirdre Ní Mhainnín, Seán Breathnach, Bernadette Ní Óbáin agus Seán Ó Conghaile*.



Lá spóirt na scoile tús na n-ochtóidí

Ar chúl, ó chlé:
*Marguerite Ní Churraoin,
 Judie Caulfield,
 Bridie Ní Thuathail,
 Máire Ní Chualáin,
 Catherine Ní Mhaoileoin,
 Mamie Ní Thuathail.*
 Chun tosaigh:
*Áine Ní hEithir,
 Brídín Ní Chéidigh,
 Bobbaí Ní Thuathail agus
 Mairéad Ní Fhatharta.*



Rang Tís i dTús na 1980í

Ó chlé: Rita Ní Dhonncha, Mairéad Ní Choistealbha, Máire Ní Dhroighneáin, Margo Ní Choncheanainn, Áine Íde Ní Dhonncha, Mairéad Nic Phóil, Treasa Ní Fhátharta, Marcia Ní Choncheanainn, Catherine Ní Loideáin, Nóra Ní Churraoin agus an múinteoir tís, Anna Finnerty.



Gaisce an Uachtaráin, 1991

Ar chúl, ó chlé: Lorcán Ó Callaráin agus Breandán Ó Callaráin.

Chun tosaigh, ó chlé: Ní fíós, Máirín Ní Choisdealbha, Frank Fahey a bhí ina Aire Stáit ag an am, Róisín Ní Loinsigh agus Mary Curran



Pictiúir de Cholaiste Cholmcille a thóg Darach Ó Tuairisc ón aer.



Rang na hArdteistiméireachta 1985

Chun tosaigh ó chlé: Máire Ní Fhatharta, Áine Ní Thuathail, Máire Ní Dhroighneáin, Nóra Ní Churraoin, Treasa Ní Fhatharta, Mairéad Nic an Phóil, Fidelma Ní Chéidigh, Máire Ní Dhroighneáin, Máire Ní Chearra, Bairbre Ní Neachtain, Anita Nic Dhonncha.
Ar chúl: Mártan Ó Fátharta, Tadhg Mór Ó Curraidhín, Seán Mac Donnacha, Philip Jacobsen, Joe Steve Ó Coistealbha, Antaine Ó Mainnín, Séamas Ó Scanláin, Colm Ó Curraoin, Micheál Ó Neachtain, Noel Ó Coistealbha.



Rang Clóscríbhneoireachta faoi stiúir an mhúinteora Breda Kilbane

An líne ar chlé ón tosach siar: *Eibhlín Ní Thuathail agus Bríd Ní Neachtain, Máire Ní Dhonnchadha agus Máire Ní Loideáin, Barbara Breathnach agus Caroline Nic Oireachtaigh, Áine Ní Mhárta agus Máire Ní Chearra.*
 Taobh thall ón tosach: *Marcia Ní Choncheanainn agus Deborah Nic Dhonncha, Áine Ní Chualáin agus Maria Ní Choistealbha, Máirín Ní Chonghaile agus Sarah Anne Ní Fhátharta.*



Múinteoirí tús na n-ochtóidí.

Ar chúil, ó chlé: *Seán Mac Lochlainn, Tom Ó Neachtain, Breandán Ó Callaráin, Dónal Ó Diompsaigh agus Seán Ó Tuairisc.*
 Chun tosaigh, ó chlé: *Breda Kilbane, Anna Finnerty, Seán Ó Mainnín, Miss Ó Seachnasaigh agus Helena Ní Ráighne.*

Chun tosaigh, ó chlé:
 Sailí Ní Thuathail,
 Siobhán Ní Neachtain,
 Máirín Mbeairt Ní Churraoin,
 Neansaí Ní Choistealbhá,
 Máire Treasa Ní Dhomhcha,
 Bernie Ní Fhlatharta,
 Bridín Ní Chualáin,
 Mary Mogan.
 Sa lár, ó chlé:
 Brian Ó Féinneadhá,
 Seánín Lorcáin Ó Cualáin,
 Marcus Ó Cearra,
 Mary Ní Flaithearta,
 Peigí Ní Thuathail,
 Bridín Mogan,
 Séamas Deairb Ó Fátharta,
 Máirtín Ó Fatharta,
 Steve Ó Neachtain.
 Ar chúl, ó chlé:
 Beirtí Tom Ó Flaithearta,
 Pádraig Jimmy Ó Flaithearta,
 Jimmy Ó Féinneadhá,
 Maiú Ó Curraoin.



Coláiste Cholmcille i bhFilíocht

Má fhaighimse sláinte is fada a bheas trácht
Ar an gcoláiste álainn atá againn ins an áit
Faoi na ballaí ársa agus togha ceann sclátaí
Ar cholbha an tsrutháin go buacach tá.

Nuair a cuireadh an crann seo i lár na páirce
Séard a dúirt a lán nach bhfásadh sé choidhchin¹
Mar go gcuirfeadh an ghaoth aniar a haghaidh le fána
Nuair a shéidfeadh gála agus a d'ardódh sian.

Bhí an crann seo curtha i lár na páirce
Agus faoi Fhéil² Pádraic rug sé greim
Bhí a rútaí teagmháilte agus a ghéaga láidir
Agus níor thréig a bhlátha é le gaoth ná grian.

Leathchéad scoláire a bhí inti an t-am sin
Ó Bhaile an Droichid go Ros an Mhíl
Ag teacht ar rothair is iad múchta báite
Bhí tornáil ghéar ann in aghaidh stoirm³ agus gaoth.

Siúd iad an dream a thug fad saoil don chrann úd
Is a chuir taca ina cheann in aghaidh na gaoithe
Dá bhfeicfeá anois é tá lán na páirce ann
Is le toradh agus bláth tá a ghéaga ag sníomh.

Nach iomaí malrach a d'imigh agus a tháinig
A fuair foscadh agus dídean faoi ghéaga an chrainn
A thug leo go paiteanta léann agus ceardaíocht
Agus a thug a n-aghaidh go stáidiúil ar fud an tsaoil.

Tháinig neartú, borradh agus fás fúithi
Tá a cáil thar sáile agus i bhfad thar toinn
Tá foireann teagaisc againn nach bhfaighfeá a sárú
Molaimse an barr leo nó go dté mé i gcill.

Má chastar thart anseo go brách thú
Buail isteach againn agus lig do scíth
Ach fainic a sciort⁴ ar a cuid urlár *marble*
Atá ar nós an scátháin ina cuid hallaí mín⁵.

Má chastar isteach ins an *lab* thú an lá sin
Cuir tuairisc na plandóig⁶ atá ina chionn
Mar tá an luch agus an lupán ansiúd ar phláta ann
An francach agus an ghráinneog ann lena dtaobh.

Níl tada ag cinnt⁷ orthu gan bhréag gan áibhéil
Cuireadh teist ar bhardal a raibh cor ina dhroim
Chinn sé ar an tréadlia aon mharach a fháil air
Ach frítheadh amach san áit úd gur thit cleithín.

Tá obair mhiotail ann agus scoth na gceardaí
Agus níl ní dá dtráchtfa air nach bhfuil in ord is i gcaoi
Idir deileadh agus múnlaíl, plátáil agus táthú
Is ón inneoin ceartan tá ceol bog binn.

Tá siopa oibre ann ar mhaith liom trácht air
Agus déantar baill ann nár thrácht mé fós
An bord agus an driosúr, fuinneog agus fráma
Agus an pigín adhmaid tá siad dá ndéanamh ann fós.

Tá seomra tís againn atá in ord agus in eagar
Is tá greim le fáil agat má tá tú gan lón
Mar tá croí fial flaithiúil gan bhréag ag Áine
Agus molaim go hard í go deo na ndeor.

Molaim gach duine den fhoireann mhánla
Agus guím gach ádh orthu chúns bheas siad beo
Mar tá an obair dhá dhéanamh gach lá ann
Is ní chloisfeá aon chnámhseáil ag aon neach beo.

Molaimse an príomhoide atá ag caomhnú an chrainn seo
Lena dheimheas láimhe de oíche agus de ló
Ar fhaitíos géagáin críonta nó ceann le fána
'Sé tá ar cheann an chábla agus saol fada dhó.

Ach tá bruinneall eile againn nach bhféadfainn 'fhágáil
Yvonne Bhán an cailín caoin
Ní fheicfeá múisiam uirthi in imeacht bliain agus ráithe
Ach aoibh an gháire ar a béilín binn.

Is aoibhinn séimh í an cailín spéiriúil
Ní gheofa⁸ a leithide dá siúlfa an ríocht
Tá sí faoi réir le gach ní a dhéanamh
Gheobhaidh tú do mhuigín tae uaithi agus greim le n-ithe.

Tá sí ina rúnaí oifige agus ina togha cléireach
Mar tá inti éirim agus meabhair thar cionn
Níl ceist dá chasta ná fadhb dá mhéid í
Nach bhfuil a réiteach ag an stáidbhean chaoín.

Tá téarma déanta agam ann beagnach ceathrú céid
Agus shleamhnaigh an aimsir ar nós na gaoithe
Ach níl lá dhá fhaid nach gcaillfidh an léargas
Is nach mar a chéile é críoch gach n-aon.

*Foilsithe le caoinchead ó Chló Iar-Chonnacht, fhoilsitheoirí an leabhair
Filíocht agus Feannadh a scríobh Cól Learaí Ó Finneadha.*

¹choíche

²ag cinneadh

³ní bhfaighfeá

Coláiste Cholmille

Rang na hArdteistiméireachta 2014–2015



Ar chúl ó chlé: Ruairí Ó Conghaile, Aisling Ní Iarnáin, Tadhg Óg Ó Conaire, Caoimhín Ó Cualáin, Rónán Ó Maoláin, Rónán Ó Beoláin, Emil Triaban, Conall Bergin, Ryan Breathnach Ó Cinnéide, Alan S. Mac Donnacha, Cormac Ó Cualáin, Caoimhín Ó Ceallaigh, Caombán Ó hIarnáin, Liam Ó Ceallaigh, Jordan Ó Cualáin, Sínead Ní Dhonnacha, Emma Ní Dhonncha, Rónán Bolustrom.

I lár ó chlé: Áine Ní Cheallaigh, Ciarán Ó Fátharta, Seán Ó Cadhain, Roibeárd Breathnach, Seán Ó Tuathail, Liam Ó Conghaile, Máirtín Ó Cualáin, Tadhg Ó Ó Curraoin, Aaron Ó Conghaile, Alan P. Mac Donnacha, Cian Ó Fátharta, Caombán Ó Foighil, Rónán Ó Conghaile, Oisín Bolustrom, Melissa Ní Dhonnacha, Aisling Ní Chéidigh, Niamh Ní Chonáil,

Chun tosaigh ó chlé: Breandán de Búrca, Colette Ní Chualáin, Bairbre Ní Allaráin, Treasa Ní Cheallaigh, Cáitríona Ní Chualáin, Ciara Ní Fheargais, Anna Ní Gabhann, Ciera Seoighe, Rebecca Ní Fhátarta, Shannon Ní Dhúgáin, Aoife Ní Lorcáin, Susanne Ní Chualáin, Áine Ní Churraoin, Sharon Ní Ógáin, Máirtín Ní Churraoin, Áine Ní Churraoin, Caoilfhionn Ní Cheallaigh.

Iarrthóirí sna Toghcháin Áitiúla 2014

Boscaí Chonamara Theas

Donnacha Ó hÉallaithe



Barr, ó chlé: *Seán Ó Tuairisc (FF); Seosamh Ó Laoi (FG); Pádraig a' Tailliúra Ó Conghaile (Glór na Tuaithe); Macdara Hosty (FF); Máirtín Lee (FF).*

Íochtar, ó chlé: *Joe Curran (Labour); Daithí Ó Cualáin (Neamhspléach); Seosamh Ó Cualáin (Cearta Chonamara); Máirín Mhic Lochlainn (Sinn Féin); Tomás Ó Curraoin (Sinn Féin Poblachtach).*

Pic. Seán Ó Mainnín

	Bearna (3)	Na Forbacha 1	Na Forbacha 2	An Spidéal (3)	Sailearna 1	Sailearna 2	An Tulaigh	Ros an Mhíl	Ceathrú Rua (3)	An Tuairín	Leitir Mór	Leitir Mealláin	Tír an Fhia (2)	Camas	Ros Muc	Loch Con Aortha	An Aird Mhóir	Carra	Aird Thiar	Cloch Bhreac	Corr na Móna	An Fhairche	Inis Mór (2)
Allen, Liam (Nspl)	5	0		14		1	0		1	0	1	0	1	0	1	0	3	0	0	2	5	2	0
Byrne, Niamh (FG)	32	5		8		3	0		9	1	2	0	2	2	0	0	0	1	2	3	16	19	3
Conneely, Josie (FF)	4	1		4		0	0		3	0	3	0	0	0	2	1	12	11	18	0	0	0	2
Curran, Joe (LO)	39	20		28		47	35		56	8	27	8	15	2	11	17	71	18	17	1	6	0	28
Garvey, Ronan (Nspl)	15	4		20		3	0		2	7	2	0	1	0	0	0	1	1	2	2	6	1	4
Healy, Tom (SF)	12	3		19		21	1		14	2	2	0	2	1	3	2	2	2	3	9	5	29	10
Hosty, Macdara (FF)	235	6		8		1	0		4	1	0	0	1	0	0	1	2	0	1	0	0	0	12
Lee, Máirtín (FF)	0	4		16		3	21		241	25	130	42	227	0	2	5	8	3	1	0	2	1	10
Mannion, Eileen (FG)	4	3		2		0	0		7	0	0	0	0	0	1	1	4	3	14	8	16	16	2
Mc Hugh, Mary (FG)	140	16		8		1	1		0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	2
Mhic Lochlainn, Máirín (SF)	24	7		106		31	27		84	19	28	3	17	18	9	5	16	7	3	1	2	1	10
Ó Conghaile, Pádraic a' Tailliúra (Nspl)	11	0		23		23	39		59	9	10	1	17	3	6	3	11	5	8	0	0	2	17
Ó Cualáin, Daithí (Nspl)	6	14		24		58	63		55	16	17	20	37	0	3	5	9	0	1	1	2	2	5
Ó Cualáin, Seosamh (Nspl)	12	20		31		21	16		156	26	27	5	23	137	134	41	58	63	84	2	6	4	14
Ó Curraoin, Tomás (Rep SF)	280	105		135		37	32		24	9	13	2	12	9	4	4	3	1	2	1	6	1	9
Ó Laoi, Seosamh (FG)	15	9		202		12	14		48	11	32	82	86	1	2	3	2	6	6	0	0	0	4
Ó Tuairisc, Seán (FF)	21	14		156		49	68		72	11	5	1	10	11	10	9	22	9	11	52	148	101	104
Thomas, Noel (FF)	4	1		21		2	1		7	0	0	0	0	0	0	1	4	0	0	1	0	0	2
Walsh, Séamus (FF)	1	1		1		1	1		4	4	0	0	0	3	9	2	0	1	0	0	1	0	0
Walsh, Chris (Nspl)	24	6		56		3	36		103	28	21	6	36	18	20	15	36	3	5	0	10	21	38
Welby, Tom (Nspl)	42	22		34		9	6		8	1	0	2	5	6	6	3	2	12	4	5	28	30	8
Iomlán a Caitheadh	926		0	916	0	326	361	0	957	178	320	172	492	211	223	118	266	146	182	88	259	230	284

Nóta 1: Ní raibh aon tuairisc coinnithe ar na vótaí sna boscaí ó Ros an Mhíl, Sailearna 1, Na Forbacha 2. Sin an fáth go bhfuil siad fágtha folamh.

Nóta 2: Ciallaíonn an uimhir i lúibíní tar éis an Ionad Vótála gurb é sin an líon boscaí san ionad vótála atá curtha le chéile sa gcolún faoi.



Tigh Dhurcáin

OLLMHARGADH & OIFIG AN PHOIST
An Tulaigh, Baile na hAbhann,
Co. na Gaillimhe.



- Ciorcal Comhrá
- Seomraí Ar Cíos
- Campaí Samhraidh
- Oícheanta Sóisialta
- Ionad Saor-Chomhairle Dlí
- Grúpa Tuismitheoirí & Leanaí
- Ranganna Damhsa ar an Seán-Nós



Conradh
na Gaeilge

Fóram phobal na Gaeilge
Áras na nGael, 45 Sráid Doiminic
Lárionad na Gaeilge i nGaillimh

www.cnag.ie | +353 (0)91 567824 | gaillimh@cnag.ie

Chomharchumann Shailearna Teo. Straitéis Cúig Bliana

Peadar Mac an Iomaire

Is é spriocráiteas Chomharchumann Shailearna Teo. - Forbairt an duine, an teaghlaigh agus an phobail trí oideachas, trí oiliúint, trí sheirbhísí agus trí ghníomhaíochtaí a fhásann as teanga agus as dúchas na Gaeltachta. Bunaíodh CST i 1984 le folús a líonadh i gceantar Chois Fharraige de thoradh éirí as trádáil Chomharchumann Chois Fharraige an bhliain roimh sin.

Ba i 2013 a dréachtaíodh an straitéis 5 bhliana seo mar go bhfacthas don Choiste ag an am go raibh sé in am athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmeanna agus ar chóras bainistíochta an Chomharchumainn i bhfianaise na n-athruithe atá tagtha ar shaol agus ar riachtanais an cheantair ó 1984 i leith. Chuir an cháipéis, a d'ullmhaigh mise ag an am i gcomhar leis an gCoiste, roimpi staidéar a dhéanamh ar staid CST i 2013 agus láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí ag baint leis an gComharchumann a scrúdú agus córas bainistíochta leasaithe a mholadh don Chomharchumann. Ina theannta sin rinneadh liostáil ar acmhainní an Chomharchumainn agus socraíodh go leagfaí amach plean gníomhaíochta le cur ar chumas an Chomharchumainn na hacmhainní sin a úsáid agus a fhorbairt chun leasa scairshealbhóirí an Chomharchumainn agus phobal an cheantair ó Ros an Mhíl go dtí an Spidéal agus an dá áit sin san áireamh. Trí scrúdú a dhéanamh ar gach a raibh tarlaite faoi scáth an Chomharchumainn agus ó bheith ag caint le daoine eile, tá liosta déanta sa straitéis de na láidreachtaí, na laigí, na deiseanna agus na bagairtí atá ceangailte le Comharchumann Shailearna Teo idir leathanach 2 agus leathanach 15 den cháipéis.

Pointí sa Straitéis

Sa gcur síos ar an gcóras bainistíochta ar lch. 15, tá ráite gur fiú don

Chomharchumann smaoineamh go bhfuil athrú ag teacht ar an ionchur deonach atá daoine cumasacha in ann nó sásta a chur i gcomharchumainn nó i gcoistí deonacha. Ní mór dul i ngleic leis an athrú saoil seo agus an leas is fearr a bhaint as ach gan a bheith ag súil le seirbhísí in aisce nach bhfuil ar fáil faoi láthair agus nach mbeidh ar fáil as seo amach de réir cosúlachta. Tá ráite freisin nach féidir le CST a bheith ag súil le saothar crua a thógfaidh go leor ama ó dhaoine ar choistí deonacha. I gcás daoine a bhfuil díograis thar an gcoitiantacht iontu níl bealach is fearr leis an díograis sin a choinneáil beo ná a chinntiú nach n-iarrtar an iomarca d'obair dheonach ar na daoine sin.

Is díol suntais a bhfuil ráite sa gcáipéis faoi phleanáil fhisiciúil i gceantar feidhme an Chomharchumainn agus an chaoi a bhfuil éirithe leis an gcomhairleoir contae Seán Ó Tuairisc cuid mhór de na moltaí atá déanta sa gcáipéis seo a chur i bPlean an Chontae.

Maidir leis an gcur síos atá ar thithíocht sa gcáipéis seo deirtear go mbeidh coinníollacha ar leith leagtha síos ar fheidhmiú scéim tithíochta. Teastaíonn ón gComharchumann go príomha scéimeanna tithíochta a sholáthar i gceantar feidhme an Chomharchumainn do dhaoine de bhunú an cheantair agus do dhaoine le Gaeilge atá ag cur fúthu sa gceantar. Caithfidh an Comharchumann a bheith airdeallach nach meallfaidh siad daoine gan Ghaeilge leis an bhforbairt seo agus



Peadar Mac an Iomaire

freisin nach mbeidh an fhorbairt seo ina cionsiocair le ceantair Ghaeltachta eile ar nós Cheantar na nOileán, na Ceathrún Rua, Charna, Chill Chiaráin agus Chamais a bhánú trí dheiseanna a thabhairt do dhaoine as na ceantair sin a gceantar féin a thréigean agus cur fúthu i gceantar níos gaire do chathair na Gaillimhe. Is baol é sin do lagú na gceantar láidir Ghaeltachta cé gur buntáiste gearrthéarmach é do cheantar feidhme an Chomharchumainn. Teastaíonn ón gComharchumann go mbeadh na scéimeanna tithíochta seo chomh gar agus is féidir do phatrún lonnaithe an cheantair le blianta fada. Is é sin go mbeadh tithe tógtha i mbailte suas agus síos bóithriní agus go seachnófaí forbairt ribíneach an oiread agus is féidir.

Sa gcáipéis seo freisin tá clár pleanála teanga Chomharchumann Shailearna le fáil idir lch. 23 agus lch. 28. Cé gur plean 5 bliana a thugtar ar an gcáipéis seo is mó de léarscáil bóthair é ná de phlean mar go bhfuil ráite faoi Mhír 8 - Plean Gníomhaíochta CST ar lch. 35, in áit Plean Gníomhaíochta a réiteach

amach don Chomharchumann ag an bpointe seo bheadh sé níos fearr go n-ullmhódh an Coiste i gcomhar leis an mbainisteoir agus leis an mbainistíocht plean gníomhaíochta de thoradh ceardlanna a d'eagródh an Coiste agus an bhainistíocht le chéile ar mhaithe leis an bplean féin agus spriocanna insroichte a aontú chomh maith le clár caipitil a leagan amach a bheadh riachtanach leis an bplean a fheidhmiú. Tá a bhfuil luaite sa gcáipéis seo mar amhábh ar don bheartas sin. Is riachtanas an cleachtas sin le húinéireacht ar an bplean a bheith ag an gCoiste agus ag bainistíocht an Chomharchumainn. Tuigim go raibh roinnt cruinnithe ag Coiste an Chomharchumainn le grúpaí leasmhara ar mhaithe leis an bplean gníomhaíochta sin a chur le chéile.

Buiséad

Sa gcur síos atá ar bhuiséad bhliantúil an Chomharchumainn faoi Mhír 9 lch. 35 tá sé ráite “Tá sé soiléir go bhfuil an Comharchumann ag an bpointe seo faoi thionchar na scéimeanna atá ag an stát le cuidiú le Comharchumainn forbairt a dhéanamh ina bpobal agus go bhfuil an Comharchumann ag gníomhú de réir na hacmhainne atá á soláthar dó faoi na

scéimeanna atá ann faoi láthair. Tá sé riachtanach go dtógfadh an Comharchumann ról ceannródaíochta le cuidiú leis an stát athrú a dhéanamh sa gcur chuige airgeadaíthe agus sa gcineál airgeadú atá á chur ar fáil aige do na Comharchumainn Gaeltachta. Sa gcás sin ba chóir, nuair a bheidh an plean gníomhaíochta curtha le chéile ag an gComharchumann agus é airgeadaíthe, go mbeidh a fhios aige céard é an buiséad bliantúil a theastóidh uaidh le é sin a chur i bhfeidhm. Sa gcás áirithe sin moltar go rachfaí i dteagmháil leis na páirtithe éagsúla a bhféadfadh baint a bheith acu le feidhmiú an phlean ghníomhaíochta i gcomhar leis an gComharchumann agus buiséad a aimsiú a d'íocfadh as feidhmiú na hoibre sin. B'fhiú go ndéanfaí Plean 5 bhliana amach le spriocanna réalaíocha. Sa gcás sin bheadh comhpháirtíocht idir CST, an Stát agus b'fhéidir i gcásanna eile an earnáil phríobháideach ar mhaithe le forbairt áitiúil a chur chun cinn ar bhealach praiticiúil, uailmhianach agus insroichte.

Is fiú cuimhneamh gur sheas Comharchumainn na Gaeltachta sa mbearna bhaoil don phobal nuair nach raibh an Stát ná na hÚdaráis áitiúla sásta nó in ann bunseirbhísí riachtanacha a

chur ar fáil do phobal labhartha na Gaeilge sa nGaeltacht. Thuig Roinn na Gaeltachta óna seascaidí i leith ról agus tábhacht na gComharchumainn Gaeltachta. Ach má thuig bhí coistí agus bainisteoirí na gComharchumainn ag an am sin ina gceannródaíthe láidre pobail agus b'iadsan a bhí réamhghníomhach i bhforbairt Ghaeltachta trí a bheith ag inseacht don Stát céard a bhí le déanamh ag an Stát ar mhaithe le caomhnú agus leathnú na Gaeltachta.

Dúshlán

Ó tháinig an ghéarchéim eacnamaíochta i 2008 tá Comharchumainn anois iarrghníomhach in áit a bheith réamhghníomhach i bhforbairt a gcuid ceantar agus iad ag ligean do Roinn na Gaeltachta agus d'Údarás na Gaeltachta a inseacht dóibh céard atá siadsan ag iarraidh ar na Comharchumainn Gaeltachta a dhéanamh ag an bpointe seo. Ní hé leas na bpobal ar a bhfuil na Comharchumainn Ghaeltachta ag freastal nach mbeadh na Comharchumainn sin a dhéanamh ach ag tabhairt aird ar a bhfuil an Stát ag iarraidh orthu a dhéanamh. Más é sin an cás socróidh an Stát céard a dhéanfar bunaithe ar na hacmhainní atá agus a bhéas ag an Stát le caitheamh ar fhorbairt Ghaeltachta. Ba é príomhaidhm phobal na gComharchumainn riamh gur bhreathnaigh siad ar a gcuid Comharchumainn mar eagraíochtaí a throidfeadh go láidir ní ar roinnt na n-acmhainní a bhí ar fáil ón Stát orthu ach ar mhéadú na n-acmhainní sin an oiread agus ab fhéidir. Is é dúshlán scairshealbhóirí Chomharchumainn Shailearna Teo. sa lá atá inniu ann breathnú arís ar spriocráiteas an Chomharchumainn agus a chinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí an Chomharchumainn inniu agus amach anseo ag teacht le riachtanais an phobail mar ní raibh tacaíocht an Chomharchumainn ag teastáil chomh géar riamh agus atá ó phobail Ghaeltachta sa lá atá inniu ann.



Cuid den bhfoireann a rinne athchóiriú ar Sheanscoil Sailearna (ó chlé): Breandán Ó Tuairisg (An Lochán Beag), Pádraig Ó Cadhain (Na Mine), Rónán Ó Gríofa, (Baile na hAbhann), John Ó Conghaile (An Tulaigh) agus Micheál Ó Gríofa (Baile na hAbhann). (Pic. Bob Quinn).

Áit Bhreithe an Scríbhneora, Máirtín Ó Cadhain

Seán Ó Cadhain

Rugadh an scríbhneoir, Máirtín Ó Cadhain i mbaile fearainn an Chnocáin Ghlais ar an 20 Eanáir 1906. Cé gurb é an 4 Eanáir atá curtha síos dó i leabhar an bhaiste i Séipéal an Chnoic agus 13 Feabhra ar a theastas breithe ó oifig an Chláraitheora. Bhíodh m'athair Pádhraic, a dheartháir, ag rá riamh gurb é an 20 Eanáir a lá breithe. Bhí sé ar an duine ba shine den chlann a mhair. Bhí trí dhuine dhéag de mhuirín ar a thuismitheoirí, Seán Ó Cadhain agus Bríd Óg Nic Conaola.

Nuair a phós siad i 1904, bhí Seán ina chonaí i dteach a uncail, Páidín Ó Cadhain, agus a bhean Mairéad. Ní raibh aon mhuirín orthusan agus bhí an teach le taobh teach a mhuintire. Isteach sa teach sin a chuaigh an lánúin óg nuair a phós siad agus is ann a thóg siad an dáréag agus an píobaire, mar a bhaist Máirtín orthu ina dhiaidh sin. Fuair siad an teach agus leathghabháltas talún le huacht.

Teach ceann tuí ab ea é, a raibh dhá

bhinn air, cistin mhór agus dhá sheomra codlata chomh maith le lochta os a gcionn a d'úsáidtí mar sheomra breise codlata. Ag deireadh na 1860í a tógadh é. Bhí aghaidh an tí dírithe soir ar Bhoth Chuanna. Ba theach airneáin a bhí ann agus cáil na scéalaíochta dá réir ar mhuintir Uí Chadhain. Ní hiontas ar bith gur fhéach Máirtín le scéal béaloidis a scríobh is gan é ach ocht mbliana d'aois. Ar ndóigh, bhailigh sé roinnt mhaith béaloidis ina dhiaidh sin óna



Máirtín Ó Cadhain

athair agus óna uncail, Máirtín Beag. Is é Máirtín Beag agus a bhean Peige Bheag, a fuair le huacht teach na muintire agus a bhí ina gcónaí ar an tsráid chéanna. Ní raibh aon sliocht orthusan. Deartháir níos sine ná Seán ab ea Máirtín Beag. Feilméaraí beaga ab ea muintir Uí Chadhain, a raibh



Fothrach an tseantí ar an gCnocán Glas – fuinneogín bheag le feiceáil sa mbinn

leathghabháltas talún ag gach aon líon tí acu. Talamh a cheannaigh siad ar dtús ó Thiarna Chill Aithnín nuair a d'aistrigh a muintir anuas ón Rátha, atá 4 km soir ó dheas ó Uachtar Ard, aimsir an Ghorta Mhóir.

Tharraing an dá theaghlach go maith lena chéile agus bhídís i gcomhar le chéile ag curadóireacht, ag baint fheamainne, mhóna agus an fhómhair chomh maith le gach dualgas eile agus siobáil a bhíodh le déanamh. Go fiú nuair a thóg siad teach nua i dtús cheathrachaidí an chéid seo caite níos gaire de Bhóthar an Rí, d'aistrigh Máirtín Beag isteach sa teach nua in éineacht leo. Cé is moite de chorrachrann a tharraingíodh Máirtín Beag air féin is braon sa chuircín aige ag aontáil an Spidéil, agus a mbíodh ar a dheartháir Seán a dhul soir agus é a thabhairt abhaile, is beag easaontais a bhíodh eatarthu.

Iontaobhas Uí Chadhain

Bunaíodh Iontaobhas Uí Chadhain i 1996 le saol cruthaitheach agus

fealsúnacht Mháirtín Uí Chadhain a chur chun cinn agus a chraobhscaoileadh agus lena shaothar iomlán a fhoilsiú agus a chur os comhair an tsaoil mhóir. Tá bunáite an tsaothair a bhí neamhfhoilsithe tar éis a bháis i 1970 foilsithe anois. Ach níos tábhachtaí fós, tá a shaothar iomlán i gcló den chéad uair le fada, a bhuíochas sin den chuid is mó do Cló Iar-Chonnacht. Foilsíodh leagan Béarla de *Cré na Cille* i mbliana. Tá roinnt de na gearrscéalta is cáiliúla a scríobh sé aistrithe go Béarla freisin le tamall anuas agus tuilleadh ar na bacáin. Tá suim nua á léiriú ina chuid scríbhinní arís.

Tá muid díreach tar éis cuideachta a bhunú chun áit bhreithe Mháirtín a cheannach agus a thógáil ar lámh. Tá súil againn an láthair a fhorbairt. Beidh orainn an suíomh a ghlanadh agus na fothraigh ar fad a shlánú. Beidh carrchlós ag teastáil ag ceann thíos an tsuímh i dteannta le comharthaí a thabharfas eolas faoi na fothraigh éagsúla.

Tá súil ag an Iontaobhas músaem a

dhéanamh den seanteach amach anseo, agus má bhíonn maoiniú ann, ionad ealaíontóirí a thógáil taobh leis. Tá fuinn tosú ar an obair seo go luath. Faraor, ní féidir linn mórán a chur i gcrích faoi láthair de cheal airgid. Dá bhrí sin, ba mhór ag Iontaobhas Uí Chadhain síntiúis a fháil ón bpobal le haghaidh na forbairtha seo. Bheadh fáilte ar leith againn roimh airgead a d'fhágfaí le huacht ag an Iontaobhas.

Sonraí Teagmhála

Más mian libh síntiús a thabhairt, féadfaidh sibh a dhul i dteagmháil liomsa, Seán Ó Cadhain, Cathaoirleach Iontaobhais Uí Chadhain ag: socadhain21@hotmail.com nó scríobh chugam ag 21 Céide Thóin le Gaoith, Ráth Eanaigh, Baile Átha Cliath 5, nó más mian libh a dhul i dteagmháil le Máirtín Ó Cadhain, Rúnaí an Iontaobhais, ag: mocadhain@gmail.com nó scríobh chuige ag Baile Liam, An Spidéil, Co na Gaillimbe.



Amharc eile ar fhothrach an tseantí

An Spidéal Caoga Bliain ó Shin

Seosamh Ó Cuaig

Is éard atá anseo roinnt de na scéalta óna nuachtáin 50 bliain ó shin, la bhain leis an Spidéal, curtha le chéile ag Seosamh Ó Cuaig, Iarchomhairleoir Contae agus Iarbhall Tofa ar Údarás na Gaeltachta. Níl anseo ach cuid de na scéalta a bhí luaite ag Seosamh sa chaint faoin teideal ‘An Spidéal Caoga Bliain ó Shin’ a thug sé i gColáiste Chonnacht mí Feabhra seo caite, mar chuid de shraith léachtaí, eagraithe ag Cumann Staire is Seanchais Chois Fharraige. Seo cuid de na nithe a bhí luaite ag Seosamh ina chuid cainte.

Léirigh Aisteoirí an Spidéil “An Strainséara Dubh” sa Damer i mBleá Cliath oíche Aoine agus oíche Shathairn i mí na Bealtaine 1965. “*They have won all before them at this year’s drama festivals*,” a dúradh san Irish Times – ag féilte Gaeilge agus ag féilte Béarla chomh maith le chéile. Fuair siad an chéad áit i Luimneach agus i gCill Áirne. Bhuaigh siad an chéad áit ag an Oireachtas. Pól Ó Foighil an léiritheoir a bhí orthu.

Fuair Cumann Drámaíochta an Spidéil ardmholadh nuair a léirigh siad “An Strainséara Dubh” ag craobhchomórtas náisiúnta drámaíochta na tuaithe i mBaile Locha Riach. Dúirt an moltóir, P. J. O’Connor as RTÉ, go raibh an caighdeán a bhí acu chomh maith le rud ar bith a chonaic sé go dtí sin ag féile drámaíochta ar bith. Mhol sé na haisteoirí Seosamh Ó Neachtain, Pádraic Mac Fhlanncha, Liam Ó Gráinne agus Bairbre Ní Mháille.

Agus bhíodh drámaíocht acu sa meánscoil freisin. Bhuaigh siadsan an chéad áit i rannóg na Gaeltachta i 1964 ag Féile Drámaíochta na Scol in Áth Luain. Bhuaigh siad Duais na Féile ar an léiriú agus ar an aisteoir ab fhearr.

Capall

Foilsíodh pictiúr breá san Irish Times de Mhichael Clancy agus dá chapall *Atlantic Breeze* a bhuaigh an chéad áit san RDS. Chuir Ambasadóir nua Mheiriceá Raymond Guest an-suim i mbromach a bhí ar taispeánta aige. 24 capaillín a bhí ag Michael Clancy an uair sin. Bhí 10 mbliana caite aige ag plé leo. Dhíol sé capaillíní le ceannaitheoirí as an tSualainn agus as Meiriceá.

Gaeilge san Aifreann

Foilsíodh pictiúr de shéipéal nua na Tulaí – an chéad séipéal in Éirinn a réitíodh go speisialta le go mbeadh aghaidh an tsagairt ar an bpobal. Dúradh ar an Irish Times go raibh áit do 3,000 duine sa séipéal sin.

Bhí colúnaí as an Irish Press, W. A. Newman, ag cur síos ar shéipéal nua na Tulaí freisin. Mhol sé séipéal an Spidéil chomh maith. “*Spiddal seems to be blessed with a succession of forward looking parish priests*,” a dúirt sé.

Trátaí

Bhí scéim na dtrátaí faoi lán seoil i gcónaí. Chuir an Roinn Talmhaíochta fógra amach go mbeadh barr 1964 le díol – as 19 teach téite agus 76 teach nach raibh téite idir an Spidéal agus an Cheathrú Rua. Idir 375 agus 400 planda a bhí i chuile theach acu. Bhí stáisiún in Indreabhán leis na trátaí a ghrádáil.

Cinsire

Ceapadh cinsire nua scannán – an Dr. Christopher Macken. Ar an gCnoc a rugadh é. Fuair sé a chuid oideachais i gColáiste Iarlatha agus in Ollscoil na Gaillimhe. Bhí sé páirteach i gCogadh na Saoirse agus chuaigh sé ar thaobh na Poblachta sa gCogadh Cathartha. Fuair sé a chuid dindiúirí dochtúireachta i 1929. Bhí sé ar Ardchomhairle Fhianna Fáil ar feadh tréimhse agus sheas sé dhóibh i gcúpla toghchán ach níor éirigh leis.

An t-iriseoir Dónal Foley ar cuairt go Conamara:

“*In Eyre Square*,” a dúirt sé, “*we stopped to ask the way. Take the coast road through Salthill and follow it through by the rim of the sea and you’ll soon be in Connemara, the*

man in Galway said.

We followed his instructions, drove past Salthill (which looked almost clinical in its severity and whiteness) and on to Spiddal and Cois Fharraige.

It was then we caught our first sight of the rocks, huge jagged monsters, flat ones, round ones, stretching for miles everywhere in a fantastic pattern of disarray....Hardy little cows fighting for a mouthful of grass between the boulders; sea gulls, cormorants and herons flying wildly, and below the sea lashing itself in frustration against the black brown rugged coastline. Not a sinner in sight.

They have all gone, all the young people to Boston, New York, Coventry, Huddersfield, London, Manchester. Any place they’ll get a living. And why wouldn’t they, the old fisherman demanded between gulps of porter. There’s nothing for them here, never was.

Did they ever come back? “Yes in summer with cars hired and new suits and pockets full of money. They buy cows for their father, stay drunk for a week and then go back again to England or America.”

Scéim Iománaíochta Foyle

Bhí scéim iománaíochta agus Gaeilge tosaithe ag Pól Ó Foighil. Thabharfaí scoláireacht do 40 ógánach as chuile chontae le dhul ar feadh míosa go dtí an Spidéal. Chaithfidís dhá uair a chloig sa ló ag foghlaim scileanna na hiománaíochta. Bheadh deis acu cluichí a imirt in aghaidh foirne maithe le linn an chúrsa.

Chuir Comhairle Chonnacht de Chumann Lúthchleas Gael £125 ar fail agus ceannaíodh coill camán. Iománaíocht an t-ábhar comhrá a bhíodh sna ranganna Gaeilge acu i rith an lae agus tráthnóna ansin chuirte ag cleachtadh na hiománaíochta iad. Thaispeántaí scannáin de chluichí ceannais na hÉireann agus na scannáin a rinneadh faoi Christy Ring agus tháinig an t-iománaí cáiliúil as Tiobraid Árann, Donie Nealon, le tuilleadh comhairle a chur orthu.

Festy Conlon

Thug tuairisceoir as an Irish Times cuairt ar Ghaillimh le linn Fhéile na nOisrí. Casadh fear dhó a dúirt an chaint seo a leanas.

"I nipped out in the middle of Saturday night's banquet and found a real echo of the old festival atmosphere going on quietly in the hotel's Driftwood Bar. There was Festy Conlon from Spiddal, the best tin whistle player in the West of Ireland, with a couple of other equally good traditional musicians. We had a few pints and a few songs that reminded me of the good old days, and then Festy and his companions went off to keep an engagement in another pub, while I, reluctantly, went back to my sophisticates."

Obscene Literature

Tuairisceoir eile anois as an Irish Times a tháinig go Conamara.

"Beyond Spiddal we stopped to buy postcards at a shopThey are busy stocking up for them (the tourists), too busy with their knitwear, sweets and souvenirs to

read the paperbacks displayed on the shelves. We had a browse and found ourselves quoting from the most hair-raisingly obscene literature ever to be found interspersed between volumes on Christian doctrine, the pure life of Maria Goretti, The Valley of the Squinting Windows. We could but assume the paperbacks are bought by weight rather than by content. Or that Béarla is not much used in that part of the Gaeltacht."

John Ford

Bhí John Ford sa tír ag déanamh an scannáin *Young Cassidy*. Seo é an scannán a bhunaigh sé ar an drámadóir Seán O'Casey. Thug sé preasagallamh i mBleá Cliath. D'fhiafraigh duine de na tuairisceoirí de céard a chosnódh an scannán. *"It's none of your goddam business,"* a dúirt Ford. Mianach an Spidéil ag teacht amach ann, déarfainn. D'inis sé ina dhiaidh sin céard a dúirt cuid dá ghaolta sa Spidéil faoin scannán eile sin a rinne sé, *The Quiet Man*.

"It only made 20 million bucks," a dúirt

siad, *"that's all."*

Múineadh na Gaeilge

Bhí cúrsa nua tagtha amach le Gaeilge a mhúineadh. "Éist agus Labhair" an teideal a bhí air. Bhí idir téacsleabhar speisialta agus téipeanna curtha le chéile don chúrsa. Ar na glórtha a bhí le cloisteáil ar na téipeanna bhí Nuala Ní Loideáin as an Spidéil a bhí i gColáiste Charysfort, Máire Ní Fhlatharta as Inis Mór a bhí i gCarysfort freisin, Pádraic Ó Méalóid as Camas, Pádraic Ó Gaora as Carna agus Tomás Ó Ráighne as an gCoill Rua a bhí i gColáiste Phádraig.

Ithe na bhFataí sa Spidéil

Rinneadh clár teilifíse sa Spidéil dar teideal "Céilí". Scríobh duine éicint litir go dtí na páipéir ag casaoid faoin gcaoi a raibh fear agus gasúr óg le feiceáil ag ithe béilí fataí gan scian ná forc.

"Last week BBC TV screened a Céilí from Spiddal. Apart from the scenes of the actual céilí in a house in Spiddal various outside shots were shown. One of these showed an elderly gentleman turning a pot of potatoes out on a bare table and another showed him eating the potatoes with a young gasúr out of their fists."

This may be perfectly orthodox and acceptable to the people of Spiddal but the impression it makes on an audience of Englishmen about the Irish and their way of life is not at all flattering either to the people of Spiddal or to Irishmen in general."

Scríobh duine eile isteach as Londain á fhreagairt.

"The writer of the letter would do well to take a good look at the streets of London on any week night and see the dozens walking along eating potato chips which have been wrapped in old newspapers....So why the fuss over Spiddal?"

Portaigh

Dúradh sa Dáil go raibh £11,000 caite ag straidhpeáil portach i Seanadh Gharráin. Bhí portach faighte ag 96 iarrthóir go dtí sin agus bhí tuilleadh le roinnt an t-earrach dar gcionn.

Peil

Bhuaíl an Clochán an Spidéil ar a mbealach go dtí craobhchluiche peile



Comharchumann Shailearna Teoranta

'Cur Chun Cinn Teanga, Cultúir, Fostalochta agus Seirbhísí'

Comharchumann Shailearna Teo.

Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe

Fón 091-593017 Facs: 091-593715

rphost: cst@eircom.net

Seirbhísí

Forbairt Pobail

Seirbhísí Oifige

Seirbhís Mapaí Talún

Eolas/Idirlíon

Cúrsaí

FÁS

SFP

An tAcadamh

Ionaid

Seanscoil Sailearna

ITT

LTI Amharclann

Chois Fharraige

Gorlann na Gaeilge

Uaireanta Oifige

Luan-Déardaoin Aoine Lón

9.00r.n - 5.00 i.n 9.00 r.n - 4.00 i.n 1.00 i.n - 2.00 i.n



An Spidéal ón aer sna 1950daí. Buíochas leis an gCartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta.

sóisear Bhord an Iarthair. Cluiche crua a bhí ann. Ar na himreoirí ab fhearr a bhí ag an Spidéal, a dúirt an Connacht Tribune, bhí Máirtín Ridge, Tex Thornton agus Michael Thornton. 2-7 in aghaidh 1-7 a bhí ann sa deireadh.

Scéim uisce.

Bhí cruinniú ag Coiste Paróiste an Spidéil sa mbliain 1964 faoi chúrsaí uisce agus tuairisc faoi ar an gConnacht Tribune faoin teideal “*Decision expected soon on Connemara Water Scheme*”. Bhí ionadaithe ann as coistí ó na Forbacha go Leitir Mealláin chomh maith le polaiteoirí áitiúla. Dúirt Pádraic Ó Neachtain, a bhí ina chathaoirleach ar an gcrúinniú, go ndeachaigh toscaireacht chuig an gComhairle Contae roinnt blianta roimhe sin agus gur gealladh an uair sin go ndéanfaí rud éicint faoi. Níor tharla sé.

Scéim Réigiúnach Uisce Dheisceart Chonamara a bhí geallta roinnt blianta roimhe sin, a dúradh —

uisce a chur ó na Forbacha go Leitir Mealláin agus trasna go hUachtar Ard. Cearta iascaireachta ba mhó a choinnigh siar é, a mhínigh siad. Loch Coirib, Loch Bhoth Loiscthe agus Abhainn Chasla na foinsí uisce a bhí piochta.

Máirín Ní Churraoin

Bhí pictiúr agus tuairisc faoi Mháirín Ní Churraoin, as Saorphort Bearna, san Irish Press i 1965. Dúradh gur múinteoir tís a bhí inti, go raibh an-suim aici sna damhsaí Gaelacha, go raibh baint aici le Feis Cheoil an Iarthair le dhá bhliain agus go ndearna sí aisteoireacht le Cumann an Spidéil agus i dTaibhdhearc na Gaillimhe.

Monarcha na mBréagán

In alt san Irish Press i 1964 labhraíodh ar an mbeagán monarcha a bhí ag Gaeltarra Éireann an uair sin.

“After Elly Bay, Crolly and Spiddal soon followed and while Crolly became famous for their “Crolly Dolls” Spiddal was geared

for plastics. From the western seaboard come bright-eyed maidens dressed in national costume. Teddy bears from 6” to 3-6” and dolls. In all there are 70 types of toys made.”

An Geall a chuir Thornton.

Sa mbliain 1965 dúirt Máirtín Thornton go gcuirfeadh sé geall £180 go mbaufadh Ciarraí Craobh na hÉireann. Bhí pictiúr breá de ar an Irish Independent agus an t-airgead ina ghlaic aige.

Gaeilge san Aifreann

Tosaíodh ag úsáid na Gaeilge san Aifreann, Dé Domhnaigh 7 Márta 1965. Dúirt Sagart Paróiste an Spidéil, an Canónach Donnelly, an méid seo a leanas leis an Irish Independent. “*In Spiddal, Rossaveal and Minna the faithful answered in loud clear voices, keeping in perfect rhythm and showing no shyness. The responses were just like the rosary. We were tremendously pleased.*”



Forbairt Pobal Teanga Cultúr

Ag obair ar son phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge

Na Forbacha
Co. na Gaillimhe
T: 091 503100
F: 091 503101

www.udaras.ie
eolas@udaras.ie

Lean muid ar:



 *Údarás na Gaeltachta*

Clódóirí CL Print

For All your Printing & Signage needs!!

Togha na Clódóireachta

Lonnaithe in Eastát Tionsclaíochta Chasla & i Maigh Cuilinn



- Wide Format Printing
- Offset Printing
- Digital Printing
- Signs
- Promotional Products
- Indoor & Outdoor Display
- PVC Products
- NCR Work Books
- Calendars
- Letterheads
- Brochures
- Posters
- Newsletters
- Flyers
- Priontáil Ábhar Ollmhór
- Aisclódóireacht
- Priontáil Dhigiteach
- Comharthaí
- Táirgí Fógraíochta
- Taispeántais (Istigh/Amuigh)
- Táirgí PVC
- Leabhair NCR
- Féilirí
- Páipéar Ceannchlóite
- Bróisiúir
- Póstaeirí
- Nuachtlitreacha
- Bíleoigíní Fógraíochta

www.clprint.ie 091 506 597 info@clprint.ie

Comóradh Oireachtas Chois Fharraige 1974

Joe Steve Ó Neachtain

Tá sé tráthúil gur anseo, sa bPoitín Stil, atá dlús á chur leis an gceiliúradh, mar gur ar an suíomh ceannann céanna seo i 1974 a cuireadh dlús leis an gcéad Oireachtas oifigiúil dár réachtáladh sa nGaeltacht ariamh. Taobh thiar dhínn anseo, san áit a bhfuil an carrchlós anois, a bhí halla mór an Phoitín Stil ag an tráth sin, agus ba éacht ann fhéin é gur shuigh os cionn cheithre chéad duine chun boird ag ócáid na hoscailte.

Cuireadh cúpla focal breise le teanga na nua-ghaeilge, le linn an Oireachtais sin, mar gurbh 'in é an chéad uair ar tháinig 'traffic jam' go Cois Fharraige. Bhí sé ina bhrú brú sa gcarnán agus is cuimhneach liom go maith gur amuigh ag iarraidh 'bheith ag baint tranglam tráchta as aimhréidh a chaith mé oíche mhór na n-amhrán.

Baineadh as ár gcleachtadh ar go leor bealaigh muid. Carranna capaill ag tarraingt mhóna agus carranna asail ag tarraingt trátaí go dtí an stór, ba mhó a bhí ag baint deanaigh as na bóithrí ag an tráth sin. Cosmhuintir a bhí laethúil, gealgháireach a bhí mar chócha diúil ag Raidió Gaeltachta, a bhí fós ag lámhacán ag an tráth sin.

Ó Bhearna go Carna bhí siad ina snáth mara. Daoine a seasfá sa sneachta ag éisteacht leo, ón bpoirtín béil go dtí inseacht an scéil. Gaeilge chraicneach nach raibh aon dúchan gramadaí ag ruachan a cuid barrannaí. Chuile fhocal de chuile dhán agus de chuile amhrán sean-nóis de ghlanmheabhair agus iad chomh binn leis an smólach ar an gcaobh idir fhear is bean. Saibhreas cultúir, cé nár sheas a bhformhór ag Féile an Oireachtais ariamh nó go dtáinig sé chomh fada le

leic an teaghlaigh acu. Agus mura ndéanfadh an tOireachtas sin tada eile ach dlús a chur le hOireachtais den scoth a heagraíodh sna ceantair Ghaeltachta ina dhiaidh sin, b'fhiú an tairbhe an trioblóid.

Tá athrú mór tagtha ar an saol ó shin. Chuir mé an-spéis san Electric Picnic a

chéad uair. Chuir sé ríméad orm na buataisí, nó na wellingtons, mar a thugadh muide orthu, a fheiceáil sa bhfaisean ag na mná óga a bhí ag freastal ar an bPicnic. Bhí siad go mór sa bhfaisean ag mná óga sa gceantar seo le linn m'óige. 'Sé an t-aon difríocht atá ann ná gur le dhul go dtí coirm cheoil amháin a chaitheann mná óga wellingtons ar na saolta seo agus gur le dhul ag céili a bhíodh na mná óga ag caitheamh dhíobh na wellingtons le mo linnse.

Nach beag an cheapadh a bhí ag Cromwell, nuair a chuir sé a mhallacht anoir ar ár sliocht, gur chun tairbhe a thiocfadh sé dhúinn sa rith fada. Tá úire agus áilleacht faoi leith ar fhad an chósta thiar fré chéile. Ach ní féidir an áilleacht a ithe. Imirce agus imirce amháin a bhí i ndán dhúinn murach iarracht ollmhór ón bpobal. Níl mé ag déanamh beag is fiú de chúnaimh an stáit, ach ní tharlaíonn sé gan éileamh ón bpobal. Níl aon rannóg rialtais ná aon eagraíocht stáit chomh cumasach ná chomh cumhachtach le pobal atá ag oibriú as lámha a chéile.

Tá a gcuid éachtaí fhéin le maíomh ag chuile phobal Gaeltachta. Tá ómós an tsaoil agam do dhaoine as gach cead a raibh fíis agus dúthracht á ngríosadh, mar atá go fóill. Ba suarach é mo

chionn i gcomórtas leo, ach is i dteannta a chéile is fearr muid. Tarlaíonn sé gur iad pobal an cheantair seo atá mar shlat tomhais agamsa anocht, ó tharla gur anseo ina measc atá mo shaol caite agam.

Bheadh sé deacair ag aos óg an lae



Joe Steve Ó Neachtain ag labhairt ag an gComóradh

bhí thíos sa tSráid Bhaile i gCo Laoise le gairid. Ní chreidfeadh an t-aos óg a bhí i láthair ansin go raibh Electric Picnic sa gceantar seo freisin nuair a bhí mise óg. Sceitimíní ar chuile dhuine sa taobh tíre nuair a tháinig an 'electric kettle' den

inníu a shamhlú nach mórán teach sa gceantar a raibh leithreas iontu trí scór bliain ó shin. Príví beag amuigh ar chúl corr theach; amuigh faoin sceach a bhíodh an chuid eile againn ag cromadh. Bheadh sé deacair acu a shamhlú nach raibh cumhacht aibhléise ná uisce reatha, raidió ná teilifís, ríomhaire ná fón póca, fridge ná cooker, coke ná cappuccino, ná ceann ar bith eile de ghiuirléidí na nua-aoise sa bparóiste le linn m'óige.

Ach ní ó neamh a thit siad againn ach oiread.

"Bíodh rud agat dhuit fhéin nó déan do ghoradh leis an ngréin," a deir an seanfhocal.

Tá mise bródúil as na coistí deonacha sin ar fad a raibh sé de mhisneach acu bualadh faoin obair iad fhéin. Daoine óga a bhí cumasach agus fadbhreathnaitheach nach raibh fuacht ná faitíos orthu ag eagrú na grúpscéime uisce reatha ba mhó dar déanadh in Éirinn ariamh ag an am:

- a bhailigh airgead agus a rinne forbairt ar an bpáirc peile agus ar na háiseanna caitheamh aimsire atá i nGleann a' Chnoic;
- a chuir dlús le scoil nua agus a rinne ionad pobail den tseanscoil;
- a cheannaigh talamh chun go bhféadfadh Gaeltarra Éireann dlús a chur le fostaíocht sa bpobal;
- a chuir dlús le Comhar Creidmheasa;
- a chuir dlús le Gael Acadamh a bhí agus atá ag cothú an cheoil agus na n-amhrán ariamh ó shin;
- a bhí páirteach go glórach sa bhfeachtas a thug Raidió na Gaeltachta ar an saol;
- a bhí páirteach go glórach agus go bradach sa bhfeachtas a thug teilifís Ghaeilge, nó TG4 ar an saol;
- a d'éiligh agus a fuair Údarás Gaeltachta, chun go mbeadh muid ábalta ár gcinniúint féin a stiúradh.

B'fhéidir go bhfuil mé ag séideadh na mbolg de bheagán, ach caitear na boilg a shéideadh chun cruas a chur sa miotal. Níor theastaigh an miotal sna cnámha chomh mór ariamh is a theastaíonn sé i saol an lae inniu ag tráth a bhfuil an

chontúirt ann go dtabharfadh aos óg na Gaeltachta droim láimhe don teanga labhartha, a rinne pobal faoi leith dhíobh, i gcaitheamh an tsaoil.

Níl milleán dá laghad agamsa ar an aos óg. Lúbann an chraobh sa treo a bhfuil an ghaoth ag séideadh. B'fhéidir gur athraigh an saol ach níor athraigh intinn an linbh. Scéilín óna gcuid tuismitheoirí atá siad ag iarraidh a chloisteáil sul má thiteann siad ina gcodladh. Scéalta a mhúnlaíonn a n-intinn.

Sílimse go bhfuil sé de dhualgas orainn a inseacht dóibh cé dar díobh iad: inseacht dóibh i dtaobh éacht a sinsear a sheas talamh anseo le linn an Ghorta Mhóir, inseacht dóibh i dtaobh mhallacht Chromail agus na mBlack and Tans agus éirí amach na Cásca. Téagar agus bród agus fírinne a bheith sna scéalta a mhúnlaíonn a ndearcadh agus gan iad a fhágáil taobh leis an tsamhlaíocht bhréige atá ag Nick Junior nó ag Harry Potter. Meascán den dá shaol agus cead acu fhéin a n-intinn a dhéanamh suas.

Ní fhaca mise aon ghlúin eile atá chomh cumasach le ceol, le hagallamh agus le hamhrán. Ní theastaíonn a athrú ach an mheoin. Tá sé tagtha sa saol anois gur féidir slí beatha a bhaint as do theanga dúchais.

Ar ndóigh, má roghnaíonn an chéad ghlúin eile cúl a thabhairt le cine agus a

ndúchas a chaitheamh i dtraipisí, tá an ceart sin acu. Beatha duine a thoil agus rinne muidne na rudaí a mheas muid fhéin a bheith ceart. Ach tá súil ollmhór na turasóireachta dírithe ar chósta thiar na hÉireann anois. Tá Bealach Fiáin an Atlantaigh ag sníomh thrí fhormhór na gceantair Ghaeltachta agus beidh turasóirí as gach ceard ag baint lán a súl asainn. Ach drochsheans go seasfaidh siad faoi bhealach, mura mbeidh fiántas damhsa agus ceoil agus amhrán agus an fiántas nádúrtha sin, atá ag baint leis an gcultúr Gaelach, le cloisteáil acu.

Tá tacaíocht ollmhór don teanga sa tír seo go fóill dá mbeadh muid ábalta leas a bhaint as. Níorbh leor an gleo nuair a theastaigh Raidió na Gaeltachta mar shampla. Bhí sé de mheabhair is de mhisneach ag daoine óga raidió bradach a chur ag craoladh go mídhleathach. An fhís fhadhbhreathnaíoch chéanna a thug TG4 ar an saol, nuair a chuaigh daoine i bpríosún agus a cuireadh teilifís bradach ag craoladh sna garbhchríocha. Ach ní dúshlán trodach amháin a athraíonn intinn rialtais ná intinn pobail. Oscailt súl a bhí sa racht ollmhór náisiúnachais a bhuail ár gcomharsanaí in Albain le gairid. Ní móide gur éirigh leo an móramh a bhaint amach, ach chuir siad scéin chomh mór i rialtas na Breataine is nach ndéanfar beag is fiú dhíobh go brách arís. Caithfidh muidne, Gaeil, bealach eile a aimsiú lena fháil amach cé



1974: Cathaoirleach an Oireachtais, Joe Steve Ó Neachtain, Ball den Choiste Eagraithe, Baibín Uí Churraidhín agus Rúnaí an Oireachtais, Pól Ó Foighil.

mhéid dea-thola atá fanta ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain don teanga dhúchais. Reifreann b'fhéidir a chuirfeadh deireadh leis an gcur i gcéill, bealach amháin nó bealach eile. Tá an neamhshuim in ainseal chomh mór is nach dóigh liom go bhfuil mórán achair fanta le séideog na beatha a chur faoin teanga labhartha.

Ócáid mhór amháin atá fanta, i mo thuairim-se, nuair a bheas Éirí Amach na Cásca 1916 á cheiliúradh. Sin é an t-am lena fháil amach a bhfuil braon Gaelach fós i gcroí an náisiúin seo.

Ach cé a chuirfeas an cheist? Ón talamh aníos a chaithfidh sé fás mar a fhásann rud ar bith den rath atá ag cothú an chine daonna. Is beag é mo scil sa ríomhaire ach tá pobal úr óg ar an saol anois atá chomh heolach ar chúrsaí ríomhaireachta is go gceapfainn nach mbeadh aon stró orthu pobalbhreith a eagrú i measc Gaeil ar fud an domhain.

Sílim freisin go bhfuil sé in am againn forfhógra nua glan a scríobh mar chomóradh ar Éirí Amach na Cásca agus a thaispeáint go bhfuil an aisling Ghaelach fós beo céad bliain tar éis an Éirí Amach. Timpeall an bhoird i dTeach an Phiarsaigh i Ros Muc a mholfainn an forfhógra a chur i dtoll a chéile. Forfhógra nach mbeadh bagarthach, ach a bheadh ag lorg tacaíochta agus ómóis dár dteanga dhúchais. Forfhógra a bheadh Uachtarán na hÉireann sásta a shíniú. Forfhógra a gheobhadh tacaíocht ó leithéide Mhéara Bhoston agus ó Éireannaigh eile atá in ionaid chumhachtacha sa Teach Bán. Forfhógra a dtabharfadh ollaimh agus léachtóirí agus scoláirí tacaíocht dó in ollscoltacha ar fud na hÉireann agus ar fud na cruinne.

Tá mé cinnte go mbeadh meall mór dár gcomharsanaí in Albain taobh thiar dár n-iaracht agus sa mBreatain agus i gCeanada agus ins chuile áit eile dá bhfuil col gaoil ag chuile dhuine agaibh. Níl aon lá ariamh dár theastaigh cúnamh ó Ghaeil le dúshlán a thabhairt nár iarr is nach bhfuair muid cúnamh ón taobh amuigh. Bealach a aimsiú le guth a thabhairt do Éireannaigh ins chuile

réimse idir gluaiseacht na
gaelscolaíochta go dtí eagraíocht na
gcoláistí Gaeilge, meánscoltacha,
bunscoltacha agus naíonraí. Ba
cumhachtach an glór é dá mbeadh muid
ar fad ar aon fhocal.

Bhí sé ráite sa tairngreacht go dtiocfadh an lá fós a bhfiafróidh an t-athair don mhac ar maraíodh aon bhreac sa bhfarraige sin amuigh ariamh. Tá an chosúlachta ann go bhfuil an lá sin ag teannadh linn agus bheadh sé chomh dóigh céanna go dtiocfaidh an lá go bhfiafróidh máthair dá hiníon ar labhraíodh aon fhocal Gaeilge sa gceantar seo ariamh. Nár lige Dia, ach de bhuíochas gach plean atá coistí a chur le chéile go coinsiasach, tá faitíos orm gur lá é atá ag teannadh linn mura dtarlóidh

feachtas mór éicint a bhainfeas
croitheadh as coinsias na hóige.

Tarlaíodh sin nó ná tarlaíodh, sílim gur cheart coiste comórtha an Éirí Amach a bheith ins chuile cheantar Gaeltachta, comhoibriú a bheith eatarthu a thabharfadh taispeántas feiceálach ceoil, amhráin agus damhsa go dtí sráideanna Bhleá Cliath le linn an chomórtha. Is tuar dóchais é gur chuir oiread sin daoine de anró orthu fhéin, Oireachtas, a bhí anseo i gCois Fharraige dhá scór bliain ó shin, a chomóradh.

*Leagan giorraithe é sin den óráid a thug Joe
Steve Ó Neachtain ag oscailt an Chomórtha ar
Oireachtas 1974 i gCois Fharraige anuraidh.*

[illegible]

Tomás Ó Con Cheanainn (1921-2015)

An tOllamh Gearóid Denvir

Is maith is cuimhneach liom an chéad uair a leag mé súil ar an scoláire iomráiteach agus ar an nGael uasal Tomás Tom Shadhbh Ó Con Cheanainn a bhí ina Ollamh le Gaeilge Chlasaiceach sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, 1969-86, agus ina bhall d'Acadamh Ríoga na hÉireann ó 1990. Samhradh gréine na bliana 1969 a bhí ann, mé féin i mo dhaltai iar-Ardteiste ag dul faoi scrúdú cainte na scoláireachtaí iontrála i léachtlan mhór aduain sa gColáiste Ollscoile a bhí lonnaithe an uair sin in Ardán Phort an Iarla. Fear ciúin séimh dea-labhartha a bhí romham a chuir an mac léinn neirbhíseach seo ar a shocracht ar an bpointe agus a labhair liom i nglan-Ghaeilge Chois Fharraige ar nós go raibh seanaithne againn ar a chéile. Is beag a cheap mé an uair sin go raibh treoir á fáil agam ó dhuine de mhórscoláirí Gaeilge a linne.



Tomás Ó Con Cheanainn

Bhí sé de phribhléid agam freastal ar riar mhaith léachtaí de chuid Thomáis le linn trí bliana an BA sa nGaeilge a lean agus é ag cur oiliúna orainn i réimse leathan de léann traidisiúnta na Gaeilge. Cuimhním fós ar chúrsa a rinne sé linn ar amhráin na Gaeltachta sa gcéad bhliain, arae ní hamháin go raibh tuiscint an scoláire aige ar amhráin mar 'Caoineadh Liam Uí Raghallaigh' agus 'Caoineadh na dTrí Muire', ach ba léar freisin go mba dhlúthchuid ó dhúchas iad dá bhia intleachta agus cultúrtha féin, oidhreacht a thug sé leis ó ardscoil Bhaile an tSagairt. Ní hamháin go raibh sáreolas an mhórscoláire aige ar an nGaeilge, ar a litríocht, agus ar an gcultúr a bhain léi, ach ina theannta sin, bhí tiomantas pearsanta

aige ina leith a roinn sé go nádúrtha agus i ngan fhios dó féin, geall leis, le gach a raibh de mhic léinn óga againn ann.

Múinteoir den scoth a bhí in Tomás nach mbíodh ariamh aige ach an focal moltach, an focal misnigh, an focal mealltach dá chuid scoláirí. Go fiú agus praiseach déanta ag duine againn de phíosa scríbhneoireachta, ní deireadh sé ach, "Meas tú arbh fhearr é a rá ar an gcaoi seo ...?" Nó sin, dá mbainfeadh duine mí-bhrí ar fad as líne nó rann filíochta, is é an port a bhíodh aige, "Meas tú nach é seo a bhí i gceist ag an bhfile...?" Chuir sé leis an oiliúint chiúin chineálta sin agus mé mar chomhghleacaí óg de léachtóir cúnta aige i UCD i dtús na 1970í, oiliúint a lean go dtí blianta deiridh a shaoil sna litreacha lán eolais a chuireadh sé chugam – le moltaí fiúntacha an fhíorscoláire – iar bhfoilsíú an ailt seo nó an leabhair siúd liom.

Mairfidh cáil Thomáis mar scoláire an fhad agus a bheas léann na Gaeilge ann. Bhí sé i líne sin na mórscoláirí Connachtacha a shíneas siar chomh fada le Ruairí Ó Flaitheartaigh agus le Dubhaltach Mac Fhir Bhisigh, agus chuir sé saothar suntasach ar fáil i gcaitheamh a shaoil. Bhí sé ina chomheagarthóir (in

éineacht le Breandán Ó Buachalla agus Pádraig de Brún) ar *Nua-Dhuanaire I* (1971) agus ina eagarthóir ar *Nua-Dhuanaire III* (1978). Ó na 1960í i leith d'fhoilsigh sé riar mhaith altanna ar ghnéithe de mhóramhráin agus de mhórdhánta na Gaeilge. Rinne sé obair éachtach chomh maith ar lámhscríbhinní móra Chonnacht agus ar lucht a scríofa, mar shampla, *Leabhar Bui Leacáin* (1983), ina bhfuil cuid de na téacsanna liteartha is tábhachtaí ón tSean- agus ón Meán-Ghaeilge – go háirithe an chóip is iomláine de Leagan I de *Táin Bó Cuailnge*. Scríobh sé an t-alt is cuimsithí fós (1982) ar an lámhscríbhinn cháiliúil, *Leabhar Bhaile an Mhóta*, agus scrúdaigh sé na scéalta a bhain le Muintir Laidhe agus go háirithe an mhórlámhscríbhinn leighis úd ar a dtugtar *Leabhar Mhuintir Laidhe* (2002, 2010). Chomh maith leis an méid sin go léir, scríobh sé sraith altanna fiorthábhachtacha (1974, 1975, 1984, 1996, 1997) ar *Lebor na hUidre*, an lámhscríbhinn lán-Ghaeilge is sine dá bhfuil ar marthain go fóill.

'Anoch scaoilid na sgola' a scríobh an file Tadhg Óg Ó Huiginn ar bhás a dhearthár agus oide a mhúinte, Fearghal Rua, i ndeireadh an 14^ú haois, agus is é an scéal céanna é ag lucht léinn na Gaeilge inniu ó d'imigh Tomás Ó Con Cheanainn uainn. San am céanna, áfach, fearacht na seanfhillí agus na seanollúna, d'fhan sé dílis don cheird dúchais agus d'fhág oidhreacht shaibhir ina dhiaidh do na glúnta atá le teacht.



Gearóid Denvir

Diarmuid Mac an Adhastair

Joe Steve Ó Neachtain

Séamus Mhicil Tom nó Diarmuid Mhic an Adhastair, pé ar bí cé acu é. Tá go leor daoine ar fud na tíre nach gcreidfeadh go bé an duine céanna é agus sílim go mbíodh sé fhéin idir dhá chomhairle go minic.

“How is the ould lad that wipes his mouth with his cap or with his sleeve?” Sin í an cheist a chuirtear ormsa ins chuile choirnéal den tír dá gcastar mé. Draíocht le sonrú i lonradh súl. Iad lom dáiríre le teann mórtais as Séamus Mhicil Tom, duine de mhór-charaictéirí na tíre.

Pearsa de bhunú na tseantsaoil,
a chruthaigh Diarmuid Mac an Adhastair
as meabhair a chinn,
d’fhonn a mheabhrú don saol nua
nár ghá an sean saol a iontú bun os cionn.

Scairtíl gháire a bhíodh dá bharr againn,
gach tráth dár chruinnigh an scata
ina theannta.

Mar hinsíodh iad, idir olc is mhaith;
dea-chaint nach féidir a aithris
sa teampall.


B’fhurasta é chur in airc a chochaill,
i dtús ama,
nuair a thosaíodh an spochadh.
Sáiteáin bheaga i dtaobh Bhéal a’ Daingin
ag lasadh coinnle ina shúil
agus stropa mionnaí móra
ag cur lucht na sáiteán
i ndiaidh a gcúil.

Ach tá acmhainn grinn ag an sliocht dár díobh muid
a aithníonn an tochas thar an scríobadh.
Tuigeann mianach na ndán a chéile
is aibíonn an greann sa gcroí atá éadrom.

Thug Diarmuid Dáirbí a shaol don ardán
i dteannta Johnny ag léiriú drámaí.
Tráth ‘raibh an saol i bhfad ní ba bhoichte;
Fearr scairt gháirí ná dhul ag a’ dochtúir.

Fear a thug dúshlán le maidí rámha;
a chruthaigh seoda as blocáin adhmaid;
bród ina ghlór ‘bhainfeadh gaimh as sneachta
nuair a chum sé “Deoraí Bhéal a’ Daingin”.

Nach iomaí fear a fuair bean Tigh Dáirbí
nó bean a fuair fear is a bhí sona sásta.
Nuair a bhí Tigh Dáirbí i mbarr a réime,
ní raibh níb’ fhearr le fáil in Éirinn.



*Diarmuid Mac an Adhastair
(Séamus Mhicil Tom i Ros na Rún)*

Ómós dhuit a Mhic an Adhastair,
cé nár cheannsaigh béalbhach ná adhastar ariamh thú.
Níl lá go brách dá luaifear laochra
nach i mbarr an liosta ‘bheas d’ainm scríofa.

‘Sé ár nádúr deora ag tráth do chaointe,
ach bhain tusa sásamh as do sheal ar an saol seo.
Má tá aon stáitse ar an gcéad saol eile,
Beidh a ndóthain le déanamh ag Dia is ag Muire.

Cásaím a mbris le Máirín, le clann is le muintir,
Is leis na mílte a thug gean dó ar fud na tíre.
Ní chloisfear do scairt ón gcroí níos mó
Is tá briseadh croí i Ros na Rún.

Mothaím leatrom i gcéachta na seisrí
A d’iontaigh spreab i ngort an chultúir.
Bíodh rogha gach bua dár roinn sé linne
Mar oscail súl ag an gcéad ghlúin eile.

Gáire a chleacht mé ariamh i do theannta
Nó gur ghlaoigh tú orm Dé Máirt seo caite.
Bhí brón i do ghlór ag fágáil slán
Agus chaoim mé chuile dheoir i mo cheann.

Aitheasc Joe ag Aifreann sochraide Dhiarmuid.

Cois Fharraige Le Mo Linnse

Seoladh an Athchló Tigh Chualáin, 26 Meán Fómhair 2014

Dr. Pádraig Ó Héalaí

Is minic aird dírithe ar na cosúlachtaí atá idir an teacht le chéile a tharlaíonn ag seoladh leabhair agus an fháilte a chuirtear roimh leanbh nuashaolaithe — gura slán an comórtas. Tá firinne áirithe ar ndóigh sa tsamhail sin. Tar éis an tsaoil bíonn a thréimhse luí seoil curtha de ag an údar, agus tá an toradh ar an seal a chaith sé ó sí ag saothrú go dian, curtha amach anois go feiceálach os comhair an domhain mhóir. Tá an bábán beag tagtha ar an saol, agus is rud an-nádúrtha é, go mbaileodh cairde agus comharsana isteach chun fáiltiú roimhe agus bheith páirteach i gcóisir bheag ina ómós.

I gcás an leabhair atá á sheoladh anseo tráthnóna, áfach, ní rómhaith a fheileann leanbh nuashaolaithe a thabhairt air, mar is é firinne an scéil, gur fearr a d'oirfeadh 'leanbh a bhí ann cheana' a thabhairt ar an leabhar seo mar

tháinig sé amach ar dtús i 1974. Agus go deimhin, feileann an t-ainm sin go rímhaith dó, mar is gnách gaois, eolas agus cur amach ar nithe neamhsaolta ag an síofra linbh a ndeirtí faoi go raibh sé ar an saol seo cheana. Agus féach go bhfuil na comharthaí sóirt sin go léir ag roinnt freisin leis an leabhar *Cois Fharraige Le Mo Linnse* a bhfuil athchló de á sheoladh anseo tráthnóna.

Bailiúchán aistí atá ann ó Sheán Ó Conghaile, na hAille, a rugadh i 1903 agus fuair bás i 1995. Bhain go leor de na haistí seo duais amach i gcomórtais liteartha an Oireachtais agus foilsíodh ina dhiaidh sin iad san iris *Feasta*. Scríobhadh iad idir 1946 agus

1972 agus pléann siad le gnéithe éagsúla de shaol Chois Fharraige sa tréimhse sin. Tá cur síos breá sna haistí seo ar rudaí a bhí lárnach go maith i saol na ndaoine sa cheantar seo tráth.

Ceird

Tá, mar shampla, plé mion agus eolasach ann ar cheardaíocht thraidisiúnta. Tá an téarmaíocht a bhain le ceirdeanna éagsúla, na huirlisí, na modhanna oibre agus aon seantuisicintí nó piseoga a lean iad, tá siad sin go léir tuairiscithe go mionchruinn anseo. Tá píosa breá ann faoi dhéantús an phoitín a thabharfadh treoir mhaith DIY don léitheoir a smaoineodh ar thabhairt faoi. Tá a leithéid céanna de chuntas ann faoi chaoladóireacht agus an chaoi le cineálacha éagsúla cléibhe a fhíochan le chéile. Tá cur síos ann ar ghaibhneacht agus ar fhíodóireacht agus tá píosa maith ann ar shnáth leonta an fhíodóra agus an leigheas a bhain leis. Áiríonn Seán go cruinn an trealamh go léir a bhain leis an gceárta agus tráchtann sé ar stádas an ghabha sa phobal. Is léiriú maith ar chomh cuimsitheach is atá an tuairisciú ar an tseancheardaíocht, go dtosaíonn a chuntas ar an bhfíodóireacht le cur síos ar chaoirigh agus olann: 'Bhí piseoga go leor ag baint le bearradh na gcaorach. Ní thosódh siad á mbearradh sa gCincís mar ní bheadh sé ádhúil, cheap siad, obair nua ar bith a thosú sa gCincís.'

Tá plé ann ar thuodóireacht agus arís ar ailtireacht agus tógáil na seantithe: 'Rud a níodh na seandaoine nuair a bhíodh siad ag toghadh áite le teach a thógáil ná ceithre phosta a chur ina seasamh san áit a mbeadh ceithre choirnéal an tí le bheith. Is de shiúl oíche a chuirfí na postaí seo ina seasamh agus gan duine ná beithíoch a bheith timpeall ar an áit. Má bhí na postaí seo ina



Le caoinhead ó na foilsitheoirí, Coiscéim

seasamh ar maidin go díreach mar cuireadh ann iad san oíche, bheadh an áit sin ceart le teach a thógáil ann.’ Seans gurbh éasca go mór cead pleanála a fháil ó na daoine maithe an uair úd ná ón oifig phleanála sa lá atá inniu ann!

Tá cur síos aige ar shaoirseacht báid mhóir agus ar an bhfeisteas a bhíodh á chaitheamh ag pobal na háite seo tráth. Rith sé liom ag léamh an leabhair seo arís gurbh iontach an acmhainn teagaisc a dhéanfaidh sé d’aon dream a bheadh ag tabhairt faoi chúrsa sa cheardaíocht thraidisiúnta agus go gcuirfeadh sé go mór lena n-oiliúint.


Nithe eile

Tá ábhair eile freisin a bhí tábhachtach do shaol Chois Fharraige pléite ag Seán sa leabhar seo. Scríobhann sé, mar shampla, faoin dul chun cinn sa saol eacnamúil a bhí i gceist le scéim na dtrátaí agus na dtithe gloine nuair a cuireadh tús leis. Tá cur síos an-mhaith aige ar an bhfeamainn, na cineálacha éagsúla di atá sa bhfarraige agus an tábhacht a bhí léi tráth i saothrú na talún agus mar chothú d’ainmhithe: ‘Chaithfí í [an chaisíneach barr cladaigh] a bhruith i bpota mór agus tar éis lán pota di a bheith ag fiuchadh ar thine ghreadánta ar feadh cúpla uair an chloig, thógtáí aníos den tine an pota agus d’fhaigheadh sí cead fuarú. Nuair a d’fhuaródh sé bheadh sé téachtaithe ina leircín agus é ar nós *jelly*. Ní raibh a shárú le fáil mar bheatha do mhuca agus beithigh óga. Bhí sé an-fholláin.’

Is nithe buana i saol an duine riamh iad galair agus breoiteacht agus tá léargas maith le fáil ón leabhar seo ar an gcaoi inar dhéileáil pobal na háite seo leo sin sa seansaol.

‘Roimhe seo,’ a deir sé, ‘nuair a buailtí duine tinn ní hé an dochtúir a bhíodh i gceist ar chor ar bith ach an luibh a fháil nó an ara a chur. Ní raibh galar ar bith nach raibh a luibh féin lena aghaidh.’

Tá a lán eolais sa leabhar faoin leigheas traidisiúnta, idir leigheasanna nádúrtha agus leigheasanna draíochtúla, agus ina measc siúd tá cuntas ar cheirt na n-easpaí: ‘Píosa de chineál taiséadach í an cheirt,’ a deir sé, ‘a bhfuil fuil trí



Seán Ó Conghaile

dhreoilín déag smeartha isteach inti. Fuil trí dhreoilín déag as aon chonlán amháin. Bíonn an fhuil súite isteach sa gceirt ach ní thabharfá faoi deara í.’ (48)

De bhreis ar an méid sin tá bailiúchán fairsing ann de logainmneacha dhúiche Shailearna. Tá cur síos maith aige ar an sceoin a chothaigh pléascadh an mhianaigh ar an Lochán Beag 15 Meitheamh 1917 agus tá dhá phíosa aige in ómós do chomharsana leis a bhí imithe ar shlí na fírinne— Mícheál Breathnach agus Máirtín Ó Cadhain. Tá píosa álainn ann chomh maith a léiríonn samhlaíocht agus cruthaitheacht an údair — a scéal féin á insint ag seanjug a raibh áit onórach aige tráth i lár an dreisiúir ach anois é mantach caite agus gan ann ach bréagán ag gasúir.

An fear féin

Fear tréitheach ab ea Seán Ó Conghaile a raibh tuairimí láidre aige faoi chúrsaí polaitíochta agus é sásta seasamh leo. Bhí dúil sa léamh agus i léann aige agus

spéis leanúnach aige i gcur chun cinn na teanga agus i mbailiú eolais faon seansaol. Ba shásamh mór dó saíocht na Gaeltachta a roinnt ar dhaoine eile agus faisnéis fúithi a scaipeadh go forleathan. Sin é a spreag chun pinn é, agus chomh maith leis an leabhar atá á sheoladh tráthnóna, chuir sé dhá leabhar eile amach, *Stiléirí agus Scéalta Eile* i 1983, agus cuntas beathaisnéiseach, *Saol Scolóige* i 1993.

Is leabhar dea-scríofa é *Cois Fharraige Le Mo Linnse* agus é taitneamhach le léamh. Tá sé lán d’eolas faoi shaol an cheantair seo in óige an údair, leabhar a d’fheilfeadh go binn ar sheilp leabhar i ngach teach i ndúiche Shailearna, agus leabhar a bhfuil oscailt súl ann d’aon duine ar spéis leis nó léi saol agus meon na nglúnta atá imithe romhainn.

Ag deireadh ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le clann Sheáin as athchló a bheith curtha arís ar leabhar seo a n-athar agus leis na foilsitheoirí, Coiscéim, as an leabhar a chur amach go slachtmhar.

An tIolar agus An Sicín

Gearóid Ó Fátharta

Maidin bhreá ghrianmhar amháin, le linn dhó fhéin agus dhá chuid cairde, na sicíní, a bheith ag piocadh grán ón talamh, chlúdaigh scamall mór an spéir os a gcionn. D'ardaigh sé a cheann agus bhreathnaigh sé suas agus bhí sé faoi dhraíocht ag an radharc a chonaic sé, iolar álainn ag trasnú na spéire. Neamhchosúil leis na sicíní agus na héanlaith eile a bhí ag deanamh iarracht eitilt, is cosúil gur tháinig an eitilt go nádúrach dhó seo, ní raibh strus dhá laghad air. Lena chuid sciatháin oscailte amach mar a bheadh pluid ann, bhí sé ag eitilt chomh réidh agus chomh stuama sin agus é ag athrú treo agus airde gan anró ná strus dhá laghad.

“Ó a Dhia, breathnaigh air sin!” ghlaogh an t-iolar óg i dtreo a chuid cairde.

“Cé hé sin,” a d'iarr sé.

“Sin iolar,” a d'fhreagair an sicín ar ais. “Sin é Rí na spéire, ach is don talamh muide, níl ionainne ach sicíní.”

Lean an t-iolar óg ag stánach air an éan maorga úd agus é ag imeacht as radharc amach go bun na spéire, radharc a bhí dofheicthe cheapfa do chuile neach eile ach amháin an t-iolar óg.

Cúpla lá dár gcionn, bhí an sean-iolar ag eitilt arís os cionn na feirme nuair a chonaic sé radharc a chuir iontas agus alltacht air, iolar thíos faoi ar an talamh ag ritheacht thart i measc sicíní agus iad ag scríobadh dromchla na talúna. Anuas leis as na harda gur sheas sé le taobh an iolair óig. Ar a fheiceáil seo do na sicíní eile rith siad isteach sa scioból de bharr faitís. D'eirigh leis an sean-iolar fáil idir an t-iolar óg agus an doras rud a chuir bac ar an iolar óg dhul isteach sa scioból.

“Céard atá tú ‘dheanamh ?’” a d'iarr an sean-iolar.

“Céard atá í gceist agat?” a d'fhreagair an t-iolar óg.

“Céard atá tú ‘dheanamh ag ritheacht thart leis na sicíní sin?’”

“Nach sicín mé. Seo iad mo chuid deartháracha agus deirfiúracha. D'fhás mé aníos leo.”

“Ní hea ar chor ar bith. Is iolar thú. Is leis na spéartha thú agus ní leis an talamh.”

“Ní iolar mé, is ceann acu sin mise.

Déanaim an rud céanna is a dhéanann siadsan, ithim an bheatha cheanna leo. Níl mé in ann eitilt fiú.”

“Níl tú go deimhin mar nár thriail tú ariamh é. Ach is iolar thú, fiú má tá do shaol caite agat mar shicín go dtí seo.”

“Fiú má tá an fhirinne sa méid atá ráite agat, tá mo shaol uilig caite agam mar shicín. Ní iolar mé níos mó.

“Sé croí an iolair an rud tábhachtach, ní hé an cineál saoil atá caite aige ná an bheatha a d'ith sé... Siúil uait liomsa.”

Chaith an t-iolar siúil eile í dtreo a chairde a bhí anois i b'fholach taobh thiar de dhoirse dúnta an tí.

“Ná tabhair aon áird air!” a bhéic ceann de na sicíní.

“Níl sé ach ag cur dalladh mullóg ort,” a deir ceann eile fós. “Má theann tú in éineacht leis caillfear thú!” “Tar ar ais agus fan linne”...

Ach go domhain ina chroí istigh chuala an t-iolar glór spreagúil á tharraingt i dtreo eile. Bhreathnaigh sé arís ar an gclós inar chaith sé a shaol ag spraoi lena chairde, ansin d'iompaigh sé ar a chois agus lean an sean-iolar. Shiúil siad ansin go himeall na haille áit a dtéadh sé fhéin agus a chuid cairde tráth. Sheas siad taobh le taobh ar imeall na haille ag breathnú ar na cnoic amach romhab. Gan sall ná anall léim an sean-iolar den imeall, d'oscail amach a chuid sciathán agus thug a aghaidh ar na spéartha oscailte.

Bhreathnaigh an t-iolar óg síos faoi ar

an duibheagán agus bhuail creathadh é. Níor eiril sé ariamh ina shaol. B'fhéidir go gcaillfí é, meas tú nár cheart dhó filladh air chompord an chlóis.

“Ná breathnaigh fút,” a ghlaogh an sean-iolar, “Breathnaigh suas ar na spéartha. Tug d'aghaidh ar an ngrian, bíodh creideamh agat agus muinín agat asat fhéin.”

Bhreathnaigh an t-iolar óg suas ar na spéartha, d'oscail amach a chuid sciatháin agus thóg léim.... Thiar sa gclós, chuala na sicíní caoineadh buachach a shroich na spéartha. Thosaigh a gcuid cleiteachaí ag creathadh agus bhreathnaigh siad ar a chéile gan gig astu. Bhí 'fhios go maith acu go n-aireodh siad uatha a ndeartháir. Bhí fhios acu freisin go m'fhéidir go dtabharfadh sé cuairt orthu lá éigint amach anseo agus go n-inseodh sé dhóibh cén chaoi ar mhothaigh sé a bheith ag eitilt dhó. Bhaileodh siad thimpeall i dteannta a chéile le éisteach leis na heachtraí ar fad agus cur síos ar na bólaigh agus na tailte ar thug sé cuairt orthu. Ach faoi láthair ar chuma ar bith, coinneoidh siad orthu i mbun na ceirde is dual leo: sin ag caitheamh a saol mar shicíní.

Ón bpointe seo ar aghaidh thosaigh an t-iolar óg ag maireachtáil mar iolar. Anois, d'fhéadfadh sé a bheith fíor go gcuimhníonn sé ar na sicíní go minic agus go mbíonn cumha air ina ndiaidh, nó fiú go dtugann sé cuairt ar an gclós ó am go ham, ach chomh fada is atá 'fhios againn níor fhíll sé ariamh ar an gclós le saol an tsicín a chaitheamh in athuair.

Is dóigh go bhfuil a bheag nó a mhór den sicín, nó den iolar, istigh i gcreatlach chuile dhuine againn. Cén íomhá atá againn dhúinn fhéin, nó an bhfuil muid múnlaith ag daoine nó ag an sochaí feidhmiú ar bhealach mánla agus ceansa gan tada a cheistiú.

Cé chomh minic agus a fhanann muid sa “gclós” agus muid ag mothú sábháilte compordach ionainn fhéin, nó an bhfuil tusa ag oscail do sciatháin?

Fís '74 – Céard a Tharla Di?

An tOllamh Gearóid Ó Tuathaigh

Tionóladh Oireachtas na Gaeilge 1974 i gCois Fharraige i gConamara, an chéad uair ar tugadh an fheile mhór amach ón ardchathair go pobal Gaeltachta ó athbhunaíodh an tOireachtas sa bhliain 1939. Céim eile a bhí anseo sa straitéis a bhí á cur i bhfeidhm ó dheireadh na seascaidí ag ceannairí Ghluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta: 'sé sin, tús áite a thabhairt do bhuanú agus do neartú na mbunphobal Gaeltachta in aon pholasaí nó in aon bheartas teanga a bheadh á cheapadh feasta ag an Stát nó ag gluaiseacht 'oifigiúil' na Gaeilge. An bunphobal Gaeltachta a chumasú le cur ar a shon féin: b'shin, i mbeagán focal, an fhís a bhí taobh thiar de 'spiorad' 1974 i gCois Fharraige. Cuspóir an ailt ghairid seo, comhthéacs nó fráma tagartha a thabhairt don spiorad nó don fhís seo, le focail scoir faoi cad d'imigh uirthi.

Sa bhliain 1974 bhí Éire suaite, ag maidhmeanna sa bhaile agus i gcéin. Trí mhóreachtra staire, ach go háirithe, a chroith go fréamh í. Ar an gcéad dul síos bhí géarchéim na hola a lean cogadh Yom Kippur ag deireadh na bliana 1973. Chuir sé eacnamaíocht an iarthair trína chéile. Bhí cogadh sa Mheánoirthear, a spreag bearta cinniúnacha sna tíortha Arabacha is mó a bhí ag soláthair ola do thíortha an domhain chaipitligh: gearradh an táirgíocht ola agus mhéadaigh an praghas dá réir. Ganntan ola, cúlú eacnamaíochta, ciorruithe, boilsciú, dífhostaíocht, stailceanna : eacnamaíocht an 'iarthair' ina cíor thuathail. Bheadh tionchar fadtéarmach ag an ngéarchéim seo ar an eacnamaíocht dhomhanda, bíodh is nár

tuigeadh i gceart ag an am impleachtaí iomadúla na géarchéime. Bhí deireadh tagtha leis an dtréimhse téarnaimh agus forbartha a lean deireadh an dara chogaidh mhóir i Meiriceá agus i dtíortha eile an chórais chaipitligh. Faoi mar a léirigh Daniel Rogers ina leabhar cáiliúil, *Age of Fracture* (2011), bheadh cineál nua caipitleachais - an nualibrálachas, bunaithe ar fhorlámhas an mhargaidh agus ar shoiscéal na sainte - ag teacht i dtreis faoi dheireadh na seachtóidí, faoi choimirce pholaitíochta Reagan agus Thatcher.

Anuas air sin, gineadh fórsa nár tuigeadh ag an am cé chomh tábhachtach is a bheadh sé. Sin le rá, an rabharta feirge agus an pléascadh díograis chreidimh a tharla i measc an



An tOllamh Gearóid Ó Tuathaigh

phobail Ioslamaigh, go speisialta i measc óige na nIoslamach. D'fhéadfaí a rá go raibh sé seo ag brúchtaíl ar feadh tamaill roimhe sin, ag dul siar go dtí cogadh 1967 idir Iosrael agus na hArabaigh. Ach cinnte, ó 1973 i leith, thosaigh rudaí ag dul in olcas nó gur tháinig an scéal chun bruíne i gceart san Iaráin ag deireadh na 70í, nuair a fuair Shah na hIaráine, giolla Washington, bata is bóthar agus nuair a cuireadh tús le ré agus le caithréim na nAyatollah. Agus ó shin i leith, tá an suaitheadh mhór seo ag oibriú tríd an domhan Ioslamach ar fad.

An dara móreachtra staire a raibh tionchar aici ar chás na hÉireann ná ár mballraíocht sa Chomhphobal Eorpach, a thosaigh ar 1 Eanáir 1973. Sular tháinig an Rialtas ar an gcinneadh ballraíocht a lorg sa Chómhargadh, bhí iarmhairtí contráilte á dtuar ag na páirtithe ar an dá thaobh den díospóireacht. Ach thug mórán mór an phobail vóta ar son dhul isteach sa Chómhargadh. Sa ghearrthéarma bhí feirmeoirí sásta go maith leis an ardú a tháinig ar phraghsanna táirgí feirme



Tony Heery, Pádraig Ó hAoláin agus Frank Flynn ó Údarás na Gaeltachta in éindí le Ruaidhrí Ó Tuairisg, Cathaoirleach Chomharchumann Chois Fharraige i dtús na 1980í.

faoin gComhpholasaí Talmhaíochta (CAP), bíodh is gur tháinig ardú dá réir ar chostas beatha agus leasú talún. Arís, na daoine a bhí a rá go mbeadh lá geal againn ach muid a bheith páirteach sa Chómhargadh seo, bhí údar maíte eile acu nuair a méadaíodh ar na cistí struchtúracha agus réigiúnacha sna 70í. Fógraíodh go mba é seo an bealach ina bhféadfadh muid teacht suas lenár gcomharsana saibhre san Eoraip.

Ach go leor de na tionscail dhúchasacha, a fuair dídean go dtí sin taobh thiar d'fhál cosanta dleachtanna, ba léir go luath nach rófhada a sheasfaidís an fód sa mhargadh oscailte, i ré iomaíoch nua na saothrádála. Ba sa bhfadtéarma, áfach, a bheadh an comhar le hÍoc. Bíodh is nach raibh ach naoi stát sa Chómhargadh théis dúinne dul isteach, ní raibh aon éalú ón loighic a bhain leis an dtionscadal Eorpach seo ón rús, loighic a chinntigh go mbeadh an lámh in uachtar ag na stáit mhóra le

himeacht aimsire. Tréimhse na haithrí ag an nGearmáin, théis a raibh déanta aici sa Dara Cogadh Mór, ní mhairfeadh sí go brách. An staraí A.J.P. Taylor a dúirt go dtiocfadh an lá (agus go dtiocfadh sé go luath) nuair a bheadh an Ghearmáin arís i gceannas, cuid mhaith, i lár na hEorpa mar gheall ar an bhfíric bunúsach sin a dtug sé '*her natural weight*' air, ó thaobh toirte, tíreolaíochta agus acmhainní de. Agus tá sin tarlaite, ainneoin méadú mór ar bhallaíocht an Aontais Eorpaigh; agus tarlaite go tréan le blianta beaga anuas.

Agus an tríú móreachtra sna 70í, ar ndóigh, ná an choimhlint ó thuaidh. Bhí 1974 ar na blianta ba dhorcha den choimhlint sin: teip an Fheidhmeannais laistigh de bhliain; buamáí agus sléacht i mBaile Átha Cliath, Muimhneachán agus Birmingham. Sos lámhaigh ag deireadh na bliana agus luaidreáin faoi chomhchainteanna réitigh – léas

dóchais nár mhair i bhfad. Ach ní raibh an choimhlint i bhfad ar siúl go raibh a tionchar le brath ar ghnéithe bunúsacha áirithe de mheon agus de dhearcadh an mhórhobail náisiúnaigh ó dheas. Ar an gcéad dul síos, an chaint agus an t-éileamh ar chearta sibhialta a bhí ann sna 60í, níorbh fhada gur ghéill sé don treabhchas agus don mhíleatachas. Bás nó beatha pobail, treascairt Stáit, coimhlint 'chóilíneach', sceimhlitheoireacht: b'iad seo téarmaí nua na coimhlinte, téarmaí nár fhág mórán spáis ag 'cearta sibhialta', sa chiall a bhí ag an rosc sin, abraimis, ag tús agus i lár na 60í.

An dara rud suntasach faoi thionchar an chogaidh ó thuaidh ar an bpobal ó dheas ná seo: pobal faoi sceimhle a bhí i bpobal an deiscirt de réir mar a chuaigh an choimhlint ó thuaidh in olcas, faitíos an domhain orthu go mbeadh an foréigean agus an choimhlint ag teacht aduaidh, agus cúlú dá réir ó aon chineál



Coiste an Oireachtais 1974

Ó chlé: Colm Ó Donnchadha, Peadar Mac an Iomaire, Domhnall Ó Broin, Joe Steve Ó Neachtain (Cathaoirleach), Bernadette Bean Uí Mhuirí, Bairbre Uí Churraidhin, Donncha Ó Súilleabháin (Oireachtas na Gaeilge), Pól Ó Foighil (Rúnaí), Seán Ó Sruthán agus Seán Ó Conghaile. Ar an gCoiste freisin bhí: Pádraic Ó Concheanainn, An tAthair Aodán Glynn, Nollaig Ó Gadhra, Niall Ó Murchadha, Pádraig Ó Ciardha, Seán Ó Neachtain, Mícheál Ó Conghaile, Seán Ó Foighil, Seosamh Ó hÓgartaigh, Máirtín Ó Neachtain, Siobhán Ní Chonghaile, Máirtín Ó Coistealbha, Máire Ní Chonghaile.

cainte a mbeadh blas náisiúnach air, a thabharfadh misneach do na Sealadaigh nó a bhronnfadh dlisteanacht orthu. Bhí imní faoi chúrsaí slándála ar go leor daoine. Bhí sé deacair, san atmaisféar scáfar seo, a bheith ag agóidíocht go poiblí faoi fhaillí rialtais in aon réimse oibre, gan trácht ar laigí pholasaí teanga an Stáit.

An ceann deireannach de shlata an fhráma tagartha seo, baineann sé le bás na Gaeilge agus na Gaeltachta, mar a bhí sé ag tús na 70í. Sa chás áirithe seo, tá eolas fairsing um an dtaca seo faoin spiorad a spreag Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta sna 60í, an spiorad, ar deireadh thiar thall, a thug an tOireachtas go Cois Fharraige i 1974.

Réamhtheachtairí

Ach is fiú focal beag breise a rá faoi cad as a dtáinig sé. Bhí réamhtheachtairí ann, ar ndóigh: daoine a sheas fód do phobal na Gaeltachta sna 30í agus sna 40í. Ach bhí práinn nua ann sna 50í nuair a bhí iarthar na hÉireann, ach go háirithe (na ceantair Ghaeltachta san áireamh), á bhánú ag an imirce - d'imigh os cionn 407,000 duine as an Stát sna 50í. Bhí baint nach beag ag Máirtín Ó Cadhain - spiorad, smaointe agus soiscéalaíocht Uí Chadhain – le fás, fuinneamh agus le cuid d'fheachtais na Gluaiseachta. Chuaigh an bealach a bhí aige le cur in aghaidh na bunaíochta polaitíochta sa Stát, in aghaidh chinseal ghluaiseacht na Gaeilge 'oifigiúla' ag an am, i bhfeidhm ar ghrúpa deisceabal a bhailigh sé chuige féin san ardchathair, agus ar dhream níos líonmhaire ar a fhód dúchais i gCois Fharraige.

Bhí níos mó i gceist sa Ghluaiseacht a ghin 'Fís 74', áfach, ná spiorad Uí Chadhain. An radacacht áirithe sin ar tháinig cuid den ghlúin nua ceannairí i gConamara faoina hanáil, ba chuid é den *zeitgeist*, gné de spiorad na haoise. D'fhéadfaí a rá gur bhláthaigh cuid de faoi anáil an Mharxachais a bhí faiseanta sna 60í; cuid eile de, bhí foinsí dúchasacha, logánta fiú, aige. Bhí an ghaoth aniar tábhachtach, le reitric and modhanna oibre ghluaiseacht chearta sibhialta an chine ghoirm sna Stáit

Aontaithe. Faoi dheireadh na 60í bhí an ghaoth anoir, cuid éigin, ag séideadh ó Pháras na Fraince.

B'fhéidir nár chóir an iomarca béime a chur ar na fórsaí seachtracha agus idé-eolaíochta seo. Mar, má scrúdaítear go cúramach an chruinneolaíocht agus na daoine a bhí páirteach sna himeachtaí agus sna bearta éagsúla a cuireadh ar bun ag an ghlúin sin a tháinig in inmhe mar cheannairí pobail i gCois Fharraige faoi dheireadh na 60í, feictear go raibh daoine ansin nár tháinig faoi anáil an Mharxachais riamh, daoine nach raibh baint acu le páirtí polaitíochta ar bith. Ach ba daoine iad a thuig go raibh pobal le slánú agus obair le déanamh agus a bhí sásta cur chuige. Murar shóisialaigh iad, ba é spiorad an chomharchumannachais ba mhó a spreag iad agus a thug struchtúir dóibh le bearta éagsúla forbartha pobail a chur i gcrích (scéimeanna uisce, obair phortaigh, bóithre agus bonneagar, comhar creidmheasa).

Bhí gníomhairí agus smaointeoirí ó áiteanna éagsúla a bhí tar éis lonnú i nGaeltacht Chonamara agus a bhí i bhfách le fealsúnacht an chomharchumannachais. Agus bhí an t-ádh le muintir na Gaeltachta, go háirithe Gaeltacht Chonamara, go raibh neart iriseoirí agus craoltóirí cumasacha de bhunadh na Gaeltachta ar fáil ag an am sin a bhí sásta a gcás a phoiblíú. Ach ba é an taoiseachas a léirigh ceannairí áitiúla a bhí cinniúnach, ceannairí a raibh seasamh acu i measc an phobail, a raibh daoine sásta géilleadh dá gcomhairle agus comhoibriú leo.

Amach Romhainn

An cheist mhór atá le cur anois, is dócha, cén Fhís atá nó a bheidh ag an chéad ghlúin eile de cheannairí pobail i gCois Fharraige? Cad a theastaíonn uathu - dá gclann, dá gcomharsana, dá bpobal fhéin? Cén cineál sochaí a shamhlaíonn siad, nó cén cineál saoil a theastaíonn uatha dá gclann is dá gcomharsana? An pobal sainiúil teanga a shamhlaíonn siad nó a theastaíonn uathu? Ceisteanna iad seo nach fuirist a fhreagairt.

Is léir gur fáisceadh glúin na

réabhlóidí agus na ngaiscí i gConamara as radacacht na 60í. Ní rabhadar ar fad óg ach bhíodar ar fad a bheag nó a mhór faoi anáil radacacht na 60í: an t-idéalachas, an fhearg, an misneach, an féinmhuinín. Bhí pobal le slánú ar chuile bhealach tar éis díothú na 50í; sea, agus pobal le fuascailt freisin ó smacht na haicme polaitíochta a bhí faighte seasc ar fad. Ach de réir spiorad na haoise sin bhí an fhís nua a bhí acu bunaithe ar an gcéad phearsa den uimhir iolra. "*We shall overcome*," an t-amhrán a bhí ag lucht cearta sibhialta, thall agus abhus. Cearta sibhialta do phobal a bhí faoi leatrom nó go raibh faillí nó éagóir déanta air. Sin a bhí i gceist le radacacht na 60í. Baineadh go leor amach, agus níor tháinig an clabhsúr go tobann i 1974.

Ach in iarthar domhain faoi dheireadh na 70í, bhí an spiorad sin ag lagán; lean an tláthú tríd na 80í. Bhí an chéad phearsa uathu á cur sa diallait anois ag soiscéal nua an nualíobarálachais. 'Séard a bhí sa gcaipitleachas liobrálach nua seo ná tomhaltóirí aonaránacha nó indibhidiúla ag déanamh a gcuid roghanna fhéin go síoraí in ollmhargadh na mian, nó, faoi mar a thug údar amháin air, '*a daily plebescite of desires*'. Tá caithréim na hidé-eolaíochta liobrálai seo fós linn, in ainneoin tubaistí uile an chóras airgeadais agus baincéireachta ó 2008 i leith.

Ach má tá fíis nua, agus clár oibre bunaithe ar an bhfís sin, le theacht i dtreis i gCois Fharraige, nó in aon phobal eile in Éirinn, agus má tá glúin nua ceannairí le theacht chun tosaigh a chuirfidh friotal comhaimseartha ar an bhfís sin agus a dhéanfaidh beart dá réir, caithfidh sí, dar liom, a bheith bunaithe go daingean ar thuiscint nua ar cad is pobal ann sna cúinsí ina maireann muid. I bhfianaise na réabhlóide teicneolaíochta agus cumarsáide, claochlú an chultúr oibre, athrú ó bhonn ar ról na mban sa tsaol poiblí, agus cleachtais nua shóisialta, cén cineál comhpháirtíochta agus comhfhreagrachta atá inghlactha ag aos óg na linne seo?



Foinnseann Sinsir Peile Chumann Micheál Breathnach 2015

Ar chúl, ó chlár: *Jeaiac Mac Giolla Bhríde, Barry 'Bán' Ó Conghaile, Diarmaid Ó Maoileoin, Séamas Ó Maoileoin, Tommy Ó Conghaile, Gearóid Ó Finnecadha, Gearóid Ó Fátharta, Diarmaid Ó Finnecadha, Caoimhín Ó Maoileoin, Dónall Ó Curraoin, Éanna Ó Conghaile, Fiontán Ó Curraoin.*

Chun tosaigh, ó chlár: *Éamann Mac Mánaís, Pádraig Tim Ó Conghaile, Rónán Mac Donncha, Seán Denvir, Cian Ó Griallais, Cian Ó Maoileoin, Peadar Óg Ó Griofa, Fiach Ó Béarra, Peadar Ó Cionnaith.*

Peileadóirí Mhicheál Breathnach

Mártan Ó Ciardha

Sé is dóigh go bhfuil fáil ar Sky Sports sna Flaithis agus má tá bí Scinnte gur dó a bhí Paddy Mhatt Mac an Iomaire agus Ned Mháirtín Ned Ó Finneadha greamaithe tráthnóna Sathairn an chéad lá de Lúnasa seo caite. Bhí Paddy agus Ned, go ndéana Dia trócaire orthu, ar bheirt a raibh lámh mhór acu in athbhunú Chumann Mhicheál Breathnach i ndeireadh na 1960í agus fearacht aon duine eile a raibh baint acu leis an gclub roimhe ná ó shin, bhí gliondar ar a gcroíthe ag féachaint síos ar cheannáras CLG agus triúr as an gclub ag seasamh an fhóid do Ghaillimh i gcluiche sinsear craoibhe ar an bpáirc is cáiliúla in Éirinn.

Ag tosaí leis an gcéad bhabhta de Chraobh Peile Chonnachta a himríodh ar Pháirc na nGael i Nua Eabhrac ag tús na Bealtaine, facthas Fiontán Ó Curraoin, Seán Denvir agus Peadar Óg Ó Gríofa ar an bpáirc sna 6 chluiche craoibhe a d'imir foireann na Gaillimhe agus cé gur chuir Dún na nGall stop lena n-aistear an tráthnóna údá i mí Lúnasa, ní fhéadfadh muid a bheith níos mórtasaí astu.

Tá sé aitheanta anois go bhfuil an Curraoineach ar dhuine de na himreoirí lárpáirce is fearr sa tír, agus tar éis dó a bheith ciaptha ag gortaithe tá an Gríofach ag teacht ar an gcumas a facthas ar dtús uaidh sna grádanna faoi aois, agus fágann a dhúthracht agus a chumas oibre go dtuigeann bainistíocht na Gaillimhe anois gur peileadóir é Seán Denvir a bhfeileann stíl imeartha an lae inniu dó – é chomh mór ar a chompord sna tosaithe agus atá sé i measc na gcúl.

Gan dabht ba é an cluiche sin i Nua Eabhrac an chéad uair ag triúr as an gcumann a bheith roghnaithe le chéile ar fhoireann na Gaillimhe i gcluiche sinsear craoibhe. Níorbh é a mbua an t-aon ábhar ceiliúrtha a bhí acu ach an oiread mar go raibh siad triúr freisin ar liosta na scórálaíthe – ceithre chúilín ag Peadar Óg agus ceann an duine ag Fiontán agus ag Seán.

Faoi dhó ina dhiaidh sin i bhfeachtas na Gaillimhe a bhí an triúr istigh ó thús na himeartha – sa mbua 1-13, 0-8 in aghaidh Liatroma i gCora Droma Rúisc i mbabhta ceathrú ceannais Chonnacht, agus i mBabhta Cáilithe 2 in aghaidh Ard Mhacha, nuair a scóráil Peadar Óg cúilín i mbua a fhoirne 1-12, 0-12 ar Pháirc na Lúthchleas.

Cé nach bhfuil sé ach 23 bliain d'aois, seo an 5ú séasúr ar fhoireann na Gaillimhe ag

Fiontán Ó Curraoin a bhfuil 18 gcluiche craoibhe imeartha aige faoi thriúr bainisteoirí. Ní raibh sé ach 19 mbliana nuair a thug Tomás Ó Flatharta a chéad dheis imeartha dó i lár na páirce, mar chomrádaí ag Joe Bergin, sa gcluiche sa dara babhta cáilithe in aghaidh na Mí ar Pháirc Tailtean i 2011. Buadh ar Ghaillimh ar éigin (0-11, 0-10), ach ó shin bhí peileadóir na Cathrach seasta nach mór i lár na páirce ag Alan Mulholland agus anois ag Kevin Walsh. Tá 18 gcluiche craoibhe imeartha aige, dhá bhonn uile-Éireann Faoi-21 buaite - 2011 agus mar chaptaen in 2013. Ba ócáid stairiúil ag Mhicheál Breathnach an oíche ar thug Fiontán an corn sin abhaile go Cois Fharraige. Idir eatarthu, bhí sé ar fhoireann DCU a bhuaigh Corn Mhic Shigiúir in 2012.

In aghaidh Phort Láirge sa dara babhta cáilithe de Chraobh Peile na hÉireann 2013 a fuair Seán Denvir an chéad deis imirt sa gcomórtas sin, nuair a tháinig sé ar an bpáirc mar ionadaí in áit Conor Doherty. D'fhág a thaispeántas go raibh sé istigh ón tús sa dá chluiche eile a d'imir siad – bua ar Ard Mhacha agus cliseadh cúilín in aghaidh Chorcaigh (1-17, 1-16) i mBabhta 4, nuair a fuair sé deis imeartha sa gcrabhadh ar Pháirc an Chrócaigh den chéad uair.

Lá faoi leith a bhí ansin ag Cumann Mhicheál Breathnach agus beirt dá gcuid imreoirí ag saothrú ar an bpáirc ar é mian gach peileadóir óg cos a leagan uirthi. B'fhearr ná sin arís é i mbliana nuair a d'fhág Peadar Óg go raibh an 3ú duine i gceist.


Nár laga Dia sibh triúr agus nár bhfada go bhfeicfidh muid ag déanamh ar chéimeanna Ardáin an Ógánaigh sibh agus a gcion déanta ar an bpáirc agaibh, go mbaileoidh duine agaibh Corn Mhic Guidhir.



Peadar Óg



Seán



Fiontán

Laochra Eile Spóirt


Crochadh Meáchain

Ar dheis: Sharon Ní Chonaire as Cor na Rón a bhain amach an dara háit i mí Meitheamh na bliana seo thall i mBermingham Shasana ag Craobh an Domhain sa gcomórtas Ardú Binse, cé nach bhfuil sí ag plé leis an spóirt áirithe seo ach le bliain anuas.



Dornálaíocht

Ar chlé: Róisín Ní Ghionnáin, seaimpin na hÉireann sa dornálaíocht, lena hathair Pádraig (ar chlé) agus a còitseálai, Colman Ó Flaithearta. Tógadh an pictiúr i gClub Dornálaíochta Chonamara atá ar an Eastát i gCasla.




Ó Chois Fharraige go Chicago

Dr. Eoghainín Ó hAinmhire

Fáilte go tír na saor,” a deir sé. Samhradh 2010, Chicago, Illinois agus ceann scríbe domsa agus mo bhaile nua. Tháinig mé anseo os cionn cúig bliain ó shin le bheith in éindí le mo ghrá geal agus chun tús a chur le mo chuid staidéar ar dhochtúireachta san eolaíocht. Ag Ollscoil Illinois i Chicago (UIC) a bhí mé le mo staidéar a dhéanamh i gCógaisíocht Bhiteicneolaíochta (pharmaceutical biotechnology). Saol nua, tír nua, cultúr nua. Cé go raibh na féileacáin ag cur dinglis i mo phutóga ag an tús, smaoinigh mé ar na sean-imircigh a tháinig anseo thar na blianta le meall mór ina gcroíthe mar nach bhfeicfidís an baile go deo arís. Ní raibh rudaí chomh dona sin i mo chás féin. Bhí go leor feicthe agam faoi Mheiriceá sna scannáin agus ní mór dom anois mo bhealach a dhéanamh anseo idir an t-olc agus an mhaith.

An chéad rud a thug mé faoi deara maidir le Chicago ná go bhfuil gach rud ollmhór - na carranna, na bóithre, na foirgnimh agus go háirithe an eitic oibre. Bhí gach rud ag gluaiseacht go tapaí, bhí an cosúlacht air go raibh deifir ar chuile dhuine i gcónaí. Mura bhfuil tú ag bogadh chomh sciobtha céanna leo tá tú sa bhealach orthu! Feictear dom go minic go bhfuil gach duine ag iarradh an dréimire a dhreapadh ar dhroim na gcomharsan le go mbeidh siad i mbarr a réimse féin ar an hap. Difríocht ollmhór domsa le hais saol Chois Fharraige. Seo cultúr nua Mheiriceá, aisling Mheiriceánach, ach caithfidh tú é a thuilleamh. Más duine óg tú le go leor splanc agus misnigh, seo an cultúr is fearr chun ardchaighdeán feabhais a léiriú. Murach é ní bheinn in ann a bheith ar bharr mo rang agus an PhD a bhí uaim a chríochnú taobh istigh de chúig bliain agus caithfidh mé a rá gur bhain mé taitneamh agus pléisiúr as chuile nóiméad de. Anois tá post nua dúshlánach faighte agam in Ollscoil Washington, le comhaltacht ón bhForas Náisiúnta Sláinte (NIH) anseo.

Ach céard é fíorchultúr Stát Aontaithe Meiriceá? I mo thuairim, tá beagán míthuisceana sa bhaile ar céard



Eoghainín Ó hAinmhire

é cultúr Meiriceá. Tar éis os cionn cúig bliana a chaitheamh anseo, tá mé ag ceapadh go bhfuil tuiscint níos fearr agam anois ar an bpobal agus nósanna imeachta anseo ná mar a bhí nuair a tháinig mé ar dtús. Deirtear go bhfuil na Stáit Aontaithe ar ceann de na tíortha is ilchultúrtha ar an domhan bunaithe ar an mbunreacht agus ar an traidisiún daonlathach atá acu. Gan amhras is cumhacht mhór dhomhanda í, tá sí chun tosaigh ó thaobh na heacnamaíochta de agus gan amhras tá tionchar ag Meiriceá ar gach rud a

tharlaíonn ar fud an domhain. Cé gur tír mhór í Meiriceá, déantar dearmad go minic gur tír í atá óg i gcomhthéacs thíortha na hEorpa agus téann an anabaíocht seo - i dtéarmaí cúlra stairiúil - go mór i bhfeidhm ormsa i gcónaí.

Bunaíodh na Stáit Aontaithe dáiríre i 1776, nuair a bhris an choilíneachtaí leis an máthairthír agus tugadh aitheantas don náisiún nua tar éis Chonradh Phárais 1783 agus scríobhadh bunreacht Mheiriceá. Ag an am sin thosaigh Meiriceá ag fás agus ag forbairt. Ach taobh amuigh de na bundúchasaigh, is inimircigh an chuid is mó den daonra anseo nó de shliocht na daoine a tháinig chun na tíre seo. Mar sin is as áit éigin eile ar bhealach, an chuid is mó den daonra anseo agus go deimhin tá tionchar ollmhór aige seo ar mheon agus cultúr na ndaoine. Tá an oiread Meiriceánach ann le sloinnte éagsúla atá go seasta ag lorg a gcuid fréamhacha agus a sinsear mar níl a fhios acu dáiríre cé hiad féin. Tá codarsnacht ollmhór idir an méid sin agus na hÉireannaigh a bhfuil stair fhada againn agus aitheantas láidir ag dul siar i bhfad.

Cé go bhfuil sé ráite go bhfuil na Stáit Aontaithe ar cheann de na tíortha is ilchultúrtha ar fud an domhain le stair na saoirse ann - saoirse ó na Sasanaí, saoirse ón sclábháíocht, saoirse ó chiníochas, is náisiún gan fréamhacha í Meiriceá ar go leor bealaí freisin i mo thuairim. Níl aon fhéiniúlacht eitneach ‘Meiriceánach’ ann lasmuigh den bheagán dúchasach atá fágtha. É sin ráite, tá pobal Mheiriceá neamhspleách agus bródúil mar a bhíonn le feiceáil ar an 4 Iúil gach bliain. Rugadh an tír mar thoradh ar choimhlint ar son na saoirse, rud a thuigeann muid féin go maith sa bhaile.

Maireachtáil i Meiriceá

Mar Éireannach i mo chónaí i Meiriceá bhí sé aisteach ar dtús. Tá níos mó daoine ina gcónaí i Chicago agus na fobhailte ná mar atá in Éirinn ar fad. An rud is mó a airím uaim ná mo phobal féin agus mo chlann i gCois Fharraige. Níl an ceangal céanna anseo idir baill an teaghlaigh, fágann gasúir an baile ag aois measartha óg agus de bharr chultúr imirceach na Stát Aontaithe imíonn siad i bhfad ó bhaile. Ní bhíonn ionchur mór ag tuismitheoirí nó seantuismitheoirí i saol na ngasúr anseo i Meiriceá. Ar an gcaoi céanna níl gné láidir phobail anseo ach an oiread. Mar gheall air cé chomh mór is atá Meiriceá, an oiread daoine atá ina gcónaí ann agus nach bhfuil an cúlra ná an stair ann tá easpa aitheantais phobail anseo freisin. Uaireanta ní thuigimid an tábhacht a bhaineann le cur chuige pobail agus forbairt an phobail sa bhaile. Is rud fíorluachmhar é an caidreamh pobail níos dlúithe atá againn – go háirithe in áiteanna

faoin tuath – is ar scáth a chéile a mhaireann muid, mar a deir an seanfhocal.

Ó na críocha seo feicim anois céard é an tírghrá, an grá dár gcultúr féin mar chuid de ghréasán ildathach, ilchultúrtha an domhain uile. Níl an domhan uile ag caint i dteanga amháin ná ag maireachtáil in aon eispéireas cultúrtha amháin. Ach táimid bródúil as oidhreacht ár dteanga féin, comharsana a thugann cúnamh dá cheile le saol níos fearr a bheith acu, teaghlaigh a fhanann dílis dá chéile i gcónaí, pobail atá dílis agus fírinneach d'oidhreacht na teanga, d'oidhreacht na tíre (an spórt, an eaglais, an stair), chun ár gcultúr a chosaint agus a choinneáil beo. Ní thuigeann mórán daoine taobh amuigh den tír, cé chomh bródúil agus buíoch dár n-oidhreacht agus dár dteanga atá muintir na hÉireann, go háirithe muintir Chonamara. Tá an grá agus an díograis sin níos tiomanta fós nuair atá duine i bhfad ó bhaile. Cuireann sé áthas an domhain orm nuair a

bhuailim le daoine as baile anseo i Chicago go bhfuil cúpla focail Gaeilge acu, daoine b'fhéidir nár labhair Gaeilge riamh liom sa bhaile. Agus anois agus muid mar chuid lárnach den Eoraip tá sé níos tábhachtaí fós ár saibhreas cultúrtha sainiúil sa Ghaeltacht a chaomhnú agus a chur chun cinn.

Faoi láthair tá mé féin agus mo bhean breá sásta anseo i Meiriceá, tír atá ag fás agus ag forbairt i gcónaí. Gan amhras tá go leor fadhbanna anseo – b'fhearr liom dúshláin a thabhairt orthu - ach tá go leor buntáistí leis an saol sa tír seo freisin. Go deimhin fanfaimid tamall eile anseo ach tá i gceist againn dul siar nuair a bheidh an t-am ceart. Tá go leor le foghlaim agamsa sa tír seo fós agus mar a deirtear sa seanfhocal 'an té a bhfuil builín aige gheobhaidh sé scian lena ghearradh'. Ach creidim freisin go bhfuil go leor le foghlaim againn ón seanchas agus cá háit níos fearr leis an fhoghlaim sin a dhéanamh ná thiar sa mbaile!



Lá a bpósta i Chicago

Fóram Chois Fharraige um Phleanáil Teanga

Nuashonrú ar Úsáid na Gaeilge i gCois Fharraige 2006 - 2011

CL = Cainteoirí Laethúla istigh nó taobh amuigh den Chóras Oideachais
CL Ø Oid. = % Cainteoirí Laethúla taobh amuigh den Chóras Oideachais

Na Forbacha (Catagóir C)					
Bliain	Daonra (3 bl.+)	Cainteoirí Laethúla(CL) (3 bl.+)	% CL Ø Oid. (3 bl.+)	Aos Óg % CL Ø Oid (3-18 bl)	Daoine Fásta %CL (19 bl +)
2011	1,256	542 (43%)	23	19	30
2006	1,186	511 (43%)	25	20	31
An Spidéal (Catagóir B)					
Bliain	Daonra (3 bl.+)	Cainteoirí Laethúla(CL) (3 bl.+)	% CL Ø Oid. (3 bl.+)	Aos Óg % CL Ø Oid (3-18 bl)	Daoine Fásta %CL (19 bl +)
2011	1,380	898 (65%)	52	51	58
2006	1,296	857 (66%)	50	48	61
Cill Aithnín (Catagóir A) (Idir Abhainn Bhoth Loiscthe agus Abhainn an Chnoic)					
Bliain	Daonra (3 bl.+)	Cainteoirí Laethúla(CL) (3 bl.+)	% CL Ø Oid. (3 bl.+)	Aos Óg % CL Ø Oid (3-18 bl)	Daoine Fásta %CL (19 bl +)
2011	956	721 (75%)	60	63	70
2006	911	673 (74%)	60	61	71
Sailearna (Catagóir A) (Idir Abhainn an Chnoic agus Abhainn Chromghlinne)					
Bliain	Daonra (3 bl.+)	Cainteoirí Laethúla(CL) (3 bl.+)	% CL Ø Oid. (3 bl.+)	Aos Óg % CL Ø Oid (3-18 bl)	Daoine Fásta %CL (19 bl +)
2011	1,375	1,120 (81%)	65	59	77
2006	1,310	1,088 (83%)	72	69	80
Cill Chuimín (Catagóir A) (Idir Abhainn Chromghlinne agus Abhainn Chasla)					
Bliain	Daonra (3 bl.+)	Cainteoirí Laethúla(CL) (3 bl.+)	% CL Ø Oid. (3 bl.+)	Aos Óg % CL Ø Oid (3-18 bl)	Daoine Fásta %CL (19 bl +)
2011	1,260	1,072 (85%)	69	69	82
2006	1,244	1,042 (84%)	65	57	82

Na Pointí Sonracha: Leagadh síos na critéir do chatagóirí A, B, C bunaithe ar chéatadán na gCainteoirí Laethúla (% CL) de réir Dhaonáireamh 2002. An uair sin, tugadh stádas Catagóir A don Spidéal mar go raibh an % CL ag 67.6%, díreach os cionn an scoithphointe de 67% a bhí leagtha síos sa Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch (2007).


Seachas An Spidéal, níl aon athrú i stádas na gceantar eile, do réir an Nuashonrú. Tá sé suntasach go raibh

céatadán níos mó daoine óga (3 – 18 bl.) ag úsáid na Gaeilge taobh amuigh den oideachas i 2011 ná mar a bhí i 2006 sna Toghranna seo a leanas: An Spidéal, Cill Aithnín agus Cill Chuimín. I gCill Chuimín (Na Mine, An Tulaigh agus Ros an Mhíl) bhí an méadú an-mhór ann, ó 57% i 2006 go dtí 69% i 2011.

Ach tá titim 10 bpointe tarlaithe sa gcéatadán den aos óg a úsáideann an Ghaeilge taobh amuigh den oideachas i Sailearna (ceantar an Chnoic) ó 69% i

2006 go dtí 59% i 2011.

Nóta: Tá na figiúirí don % Cainteoirí Laethúla taobh amuigh den Chóras Oideachais (%CL Ø Oid.) tógtha ón alt le Donncha Ó hÉallaithe, Staid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Anailís Nua (Comhar, Meitheamh 2013). Tá na figiúirí eile tógtha ón tuarascáil Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006 – 2011 (Ó Giollagáin agus Charlton, 2015).



Máirtín Mór Ó Tuairisg as an Lochán Beag

Pisreoga

Ruaidhrí Ó Tuairisg

Ba chuid an-tábhachtach de chreideamh agus de shaol na tíre seo biad na pisreoga sa tseanaimsir. Bhain siad leis an réamh-Chríostaíocht. Cé gur glacadh go fonnmhar, is cosúil, leis an gCríostaíocht, ag an am céanna bhí go leor daoine a choinnigh cois sa gcampa eile, in ainneoin caint na cléire. Go deimhin is iontach an rud gur mhair cuimhne ar na pisreoga anuas go dtí an lá inniu cé gur fíorfhánach an duine a thugann aon aird ar aon cheann acu anois. Anseo thíos tá roinnt pisreoga a bhailigh mé ó m'athair timpeall na bliana 1964.

Bainne agus beithigh

- Nuair a bhíodh duine ag fáil braon bainne ó chomharsa chuireadh bean an tí braon beag uisce isteach ann ar fhaitíos go dtógfadh an duine bainne ón mbó.
- Nuair a bhí maistreadh á dhéanamh chuirte splanc faoin gcuinneog.
- Ní raibh cead píopa ná toitín a chaitheamh.
- Aon duine a thagadh isteach sa teach chaithfeadh sé lámh a chur sa maistreadh.
- Agus maistreadh dhá dhéanamh, deirte 'Uachtar go tóin agus im go huillinn' agus 'Bailigí siar é, agus bailigí go baileach ó bhó mhaol Liam é'.
- Chuirte gaidíní caor chaorthainn ar chuile shoitheach a mbíodh bainne iontu Lá Bealtaine agus timpeall dhoras chró na mbó.
- Is ceart píosa de shean-cheirt dhearg a chur ar eireaball na bó tar éis lao a bheith aici. Bhíodh cacannaí cearc (maith na circe), smugairlí, smaoiseannaí, agus smiochóidí istigh sa gceirt. Chuirte na rudaí céanna i bpóca fir a bhíodh ag dul amach chun bean a fháil le pósadh. Tá sé i ndrám Johnny Chóil Mhaidhc 'Ortha na Seirce'.
- Ghearrtaí na cosa anuas óna glúine de bheithíoch a gheobhadh bás agus chuirte i dtaisce faoi rataí an tí iad. Amannta, nuair a bhíodh maistreadh dhá dhéanamh, mheasctá an bainne sa gcuinneog le ceann de na cosa.

Pósadh

- Nuair a thiocfadh bean óg nuaphósta go teach a fir den chéad uair, bhriseadh máthair an fhir an cáca bainise ar bhaithis na mná óige.
- Ní fhéadfadh cailín óg dul ag bainis, tórramh, ná aon chruinniú eile ó aimsir an chleamhnais go dtí go bpósfaí í ar fhaitíos go ndéanfaí drochshúil di.
- Bean óg a phósadh, ní thiocfadh sí ag an Aifreann an chéad Domhnach ar fhaitíos go ndéanfaí drochshúil di.
- Duine a sheasfadh le duine eile ag pósadh ní fhéadfadh sé féin pósadh go ceann bliana ná seasamh le haon duine eile ar feadh bliana.
- Ní fhéadfadh beirt dearthár beirt deirfiúr a phósadh.
- Ní fhéadfadh bainis dubailte a bheith ann an lá ceanna.
- Nuair a thiocfadh lánúin óg go dtí a dteach an chéad uair chuirte píce aoiligh ar leac an dorais faoina gcosa. Bheadh ádh beithíoch orthu ansin.
- D'íosfaí píosa aráin agus an bruscar ar fad tar éis na bainise agus bheadh ádh searraigh ar an lánúin.

Bás

- Uisce a nítear corp ann is ceart é a chaitheamh in áit nach siúlfaidh duine ná beithíoch go deo.

- Bhíodh braillín ar an gcorp agus bhaintí trí choirnéal di. Thógadh bean iad ó phíosa go píosa agus chuireadh sí timpeall leis an gcónra taobh istigh iad agus déarfadh sí 'Cé air a bhfuil leigheas dhó seo?' Déarfadh bean eile sa teach 'Tá leigheas ann do dhuine agus do bheithíoch'. Ansin chuirte na píosaí éadaigh sin i dtaisce go cúramach. Taiséadaigh a tugadh ar na píosaí sin.
- Eascaine a bhain leis an mbás. 'Scread mhaidne ort'. 'Buarach an bháis ort'.

Pisreoga eile

- Ní ceart duine a bhualadh le tor trom. Dá mbuailfeá páiste ní fhásfadh sé.
- Ba cheart píosa crosach (dhá scilling le crois) a chur ag na ceithre choirnéal i mbunsraith tí nua.
- Lá Bealtaine chuirte uibheacha síos i gclaiseanna garraí fataí chun toradh a thabhairt ón ngarraí sin.
- Thugtaí fód móna abhaile ón tine chnámh Oíche 'le Sin Seáin agus chaití isteach sa ngarraí fataí é nó chuirte sa tine sa mbaile é
- Ní ceart uisce salach a chaitheamh amach san oíche gan rabhadh a thabhairt do na daoine maithe. Chuala mé féin seanbhean ag rá sul ar chaith sí amach uisce 'Bígí ag imeacht anois'.
- Ná caith amach uisce salach go dtí go mbeidh uisce glan istigh.
- Ba cheart splanc a thomadh in uisce



Tóraitocht an Óir sa mBogha Ceatha?

- a thabharfaí isteach san oíche.
- Nuair a chonaic duine páiste óg don chéad uair chuirí trí smugairle air agus deirí ‘Bail ó Dhia agus ó Mhuire ort agus nár fheice bean an drochshúil thú.’
- Droch-chomhartha é má ghlaonn coileach roimh mheán oíche. Tá na taibhsí imithe má ghlaonn sé tar éis meán oíche.
- Dá dtagadh duine isteach i dteach agus faitíos air chuireadh bean an tí salann ar a theanga.
- Ní féidir le taibhsí duine a leanacht thar shruthán.
- Ní ceart tine a thabhairt amach as teach Lá Bealtaine.
- Dá gcasfadh bean rua nó sionnach ar iascaire agus é ag dul chun farraige chasfadh sé ar ais abhaile.
- Nuair a thugann duine cuairt ar theach ba cheart dul amach an doras céanna inar tháinig an té sin isteach.
- Dá dtiocfadh fóidín mearaí ort ba cheart duit an taobh istigh dod chóta a iompú amach.
- Ar fhaitíos go mbuailfeadh fóidín mearaí thú, ba cheart píosa aráin a bheith agat i do phóca.

(Is é athair Ruaidhrí atá ar lch. 44)

Líon Scoláirí i Scoileanna Chois Fharraige ag Tús na Scoilbhliana 2015-2016

Scoil	Príomhoide	Líon iomlán scoláirí ar an rolla	Líon scoláirí a rinne an Ardteist. i 2015	Líon scoláirí atá sa chéad bhliain i 2015	Nóta
Coláiste Cholmcille Indreabhán	Peadar Ó Sé	Col. CC. 235 Col N. Eoin* 32	52	29	*Ionad de chuid Choláiste Cholmcille é Coláiste Naomh Eoin, Inis Meáin
Coláiste Chroí Mhuire An Spidéal	Caitríona Ní Chinnéide	179	30	30	
Scoil Cholmcille Ros an Mhíl	Síle Nic Con Iomaire	48	-	9*	Níor fhág aon scoláire an scoil i 2015 mar ní raibh rang a sé sa scoil i 2014-2015. Ní bheidh aon scoláirí ag fágáil na scoile ag deireadh na scoilbhliana 2015-2016. *Líon scoláirí nua a thosaigh sa scoil i 2015 (gach rang)

Scoil	Príomhoide	Líon iomlán scoláirí ar an rolla	Líon scoláirí a d'fhág an scoil i 2015	Líon scoláirí a thosaigh sa scoil i 2015	Líon scoláirí i rang a 6 sa scoil i mbliana
Scoil Sailearna, Indreabhán	Fearghus Mac Lochlainn	194	15	21	16
Scoil Éinne, An Spidéal	Pádraigín Ní Lionnáin	219	23	31	25
Scoil Náisiúnta Cholmcille, An Tulaigh	Úna Uí Dhireáin	133	18	10	23

Tá muid buíoch de na Príomhoidí thuasluaite a thug an t-eolas seo dúinn.
Máire Ní Fhlathartaigh agus Máirtín Mhic Lochlainn.



Bádóirí i gCinn Mhara

An criú ar ghleiteog le Pádraig Ó Tuairisg a thug lucht móna síos go Cruinniú na mBád i Cinn Mhara 1980, Chun tosaigh tá Willy Phádhraicín, a bhí ag gabháil an bháid agus Micheál Chóilín ón gCeathrú Rua. Ó chlé tá na Tuairiscí: Seán, Ruaidhrí agus Pádraig. Ceaptar gur fear as Cinn Mhara darb ainm Quinn atá sa duine idir Willy Phádhraicín agus Micheál Chóilín.



Foireann Vincent Fox a bhuaigh an chéad áit sa gComórtas Saighead Tigh Chualáin, 1982

Ó chlé: Willie Pheaits, Gerry Ó Gríofa, Tommy Ó Cadhain, Patsy Mac Diarmada, Vincent Fox, Michael Ó Gríofa, Dee Ó Márta agus Maidhc Ó Cualáin



Micheál (Micil) Ó Gríofa ag caitheamb crúitt ag Féile na nOileán i mí Iúil 1982

Plean Teanga do cheantar Chois Fharraige

Máire Ní Neachtain

Níl aon amhras ach go bhfuil an Ghaeltacht sa tréimse is cinniúnaí ariamh. Níl aon uireasa tuartha éadóchais ann agus tá an tuairimíocht ina leith sin ag fáil neart ardán agus poiblíochta. Ní féidir a shéanadh ach go bhfuil fianaise ann a thacódh leis an mbarúil go bhfuil an Ghaeilge mar theanga pobail go mór faoi bhrú agus go bhfuil athrú an-mhór ar an nGaeltacht mar a tuigeadh í. Ní gá liodán na gcúiseanna a ríomh anseo ach is fiú a lua gurb iad muintir na Gaeltachta féin is fearr a thuigeann foinsí agus comharthaí na fianaise.

Ó bunaíodh an stát seo tá an Ghaeilge ar chlár chuile rialtas. D'athraigh aidhmeanna agus spriocanna na rialtas de réir mar a caitheadh na blianta agus d'athraigh na modhanna leis na spriocanna céanna a aimsiú. Le blianta beaga anuas tosaíodh ag caint ar Phleanáil Teanga ach is rud é seo atá ar siúl sa stát seo le breis is ceithre scór bliain cé nár cuireadh an lipéad sin air. Beartais a dheimhneoidh a háit cuí don Ghaeilge i chuile ghné den saol an sainmhíniú is simplí a thabharfainnse ar Phleanáil Teanga.

Fógraíodh Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge faoi Nollaig na bliana 2010: an beartas is deireannaí ag rialtais na hÉireann le tacú leis an nGaeilge. Achtaíodh Acht na Gaeltachta sa mbliain 2012 mar thaca leis an straitéis sin. Gné fíor shuntasach den Acht céanna ná gur leagadh cúram na Pleanála Teanga sa nGaeltacht ar phobal na Gaeltachta féin. Ainmníodh 26 Limistéar Pleanála Teanga agus cúram anois ar na pobail sna limistéir sin pleananna a ullmhú leis an nGaeilge a láidriú ina gceantair féin agus tá roinnt maoinithe ar fáil ón Roinn Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta thar tréimhse dhá bhliain leis an bplean a réiteach.

Cuimsíonn Limistéar Pleanála Teanga Chois Fharraige an ceantar ó na Forbacha go Ros an Mhíl agus tuigeadh gur comhghuaillíocht láidir pobail sa gceantar ar fad a theastódh le go mbeadh rath ar aon phlean teanga don phobal ilchineálach, ilchumais

teanga seo. Cruthaíodh Fóram Chois Fharraige um Phleanáil Teanga (FCFPT) ar a bhfuil ionadaíocht ó chumainn agus eagrais atá gníomhach sa bpobal i réimsí forbartha, sóisialta agus oideachais an phobail. Tá Coiste Stiúrtha ag stiúradh an phróisis ó sheachtain go seachtain, ar a bhfuil ionadaí amháin ón gcúig cheantar bunscoile sa limistéir - Na Forbacha, An Spidéal, An Cnoc, An Tulaigh agus Ros an Mhíl - chomh maith le Bainisteoir Chomharchumann Sailearna agus Bainisteoir Chomhlacht Forbartha an Spidéil. Tá an Coiste Stiúrtha ag freagairt don Fhóram agus iad ag leagan clár agus tráthchlár oibre amach. Tá an comhlacht comhairleoireachta Seirbhísí Pleanála Teanga fostaithe le roinnt den obair a dhéanamh: taighde, roinnt tionscadal piolótach agus dréachtadh an phlean go háirithe.

Úsáid na Gaeilge a neartú i saol iomlán an cheantair: ar an teallach, le comharsana, sa scoil, san ionad oibre, sa láthair gnó agus in imeachtaí sóisialta an phobail an bhunaidhm atá ag an bhFóram. Le sin a bhaint amach, caithfear tuiscint a fháil ar cén fáth nach bhfuil cuid de phobal an cheantair ag déanamh rogha i leith na Gaeilge agus caithfear teacht ar mhúnlaí a chuideoidh leo rogha dearfach a dhéanamh i leith úsáid na teanga. Caithfear na dúshláin atá ag lucht labhartha na Gaeilge sa bpobal a thuiscint freisin. Caithfear bealaí a aimsiú le tacú leo siúd nach cainteoirí

rialta Gaeilge iad faoi láthair, teacht ar dheiseanna le cur lena gcuid scileanna agus seansanna an teanga a labhairt. Seans láidir nach smaoiníonn daoine ar chúrsaí teanga ó lá go lá. Seans láidir freisin gur mór ag pobal an cheantair an Ghaeilge agus cónaí orthu sa nGaeltacht. Ach is seans láidir eile nach n-aithníonn daoine go bhfuil tábhacht as cuimse ag baint le hiompar teanga an duine aonair, go bhfuil tionchar ag a ndéanann an duine aonair ar scéal iomlán an phobail.

Tá an-obair á dhéanamh i scoileanna an cheantair le Gaeilge a thabhairt do pháistí an cheantair ach tuige go bhfágann oiread sin teaghlaigh an seachadadh teanga faoin scoil? An bhfuil an chúirtéis don Bhéarlóir ag ceilt spáis phoiblí ar an nGaeilgeoir? An bhfuil straitéisí ar fáil a dheimhneoidh gur féidir daoine ar bheagán Gaeilge sa bpobal a chumasú le páirt níos gníomhaí a ghlacadh le féiniúlacht Gaeltachta an phobail a chaomhnú agus a threisiú?

Más fúinn an Ghaeilge atá sa bpobal seo a bhuanú agus a threisiú teastóidh tuiscint, smaointe, cruthaitheacht agus díograis agus tá sin ar fáil i gCois Fharraige. Is ón bpobal don phobal an plean seo agus is faoin bpobal féin a bheas sé é a chur i bhfeidhm. Teastóidh rannpháirtíocht an phobail le go ndéanfar sin ar an mbealach is iomláine agus is éifeachtaí.

Ceantar bríomhar, forásach é seo gur féidir saol iomlán, taitneamhach a chaitheamh ann. Seo deis dúinn ar fad a dheimhniú gur mar Ghaeltacht a aithneofar an ceantar amach anseo. Is féidir le chuile dhuine sa bpobal a bheith páirteach agus gníomhach i bPleanáil Teanga. Ní rúndiamhair an-mhór é: úsáid an Ghaeilge agus tabhair deis do dhaoine eile í a úsáid.

*Is í Máire Cathaoirleach Fhóram
Chois Fharraige um Phleanáil Teanga*



Rang a 6, Scoil Éinne, An Spidéal, 2014-2015

Ar chúl, ó chlé: *Múinteoir Caitriona Uí Laoi, Ben Ó Curraoin, Emma Ní Churraoin, Sorchu Crumlish, Kate Hume, Christian Kelleher, Diarmaid De Brún, Liam Ó Domhnaill, Aoife Nic Eoin, Sarah Nic Eoin, Seán Ó Gallchobhair agus Príomhoide Pádraigin Ní Lionnáin.*

Chun tosaigh (ó chlé): Nicky Pfeiffer, Cathal Ó Dorráin, Tomás Byrne, Éilís Ní Shé, Éabha Ristori, Róisín Ní Chaoimh, Emma Ní Chonghaile, Clíodhna Leainde, Frankie Mac Aodha, Caomhán Ó Féinneadha agus Ruairí Ó Curraoin.



Grúpa as Cois Fharraige ag feistiú le cuairt a thabhairt ar an mBreatain Bheag i dtús na n-ochtóidí

Ó chlé: *Bruce de Veigh, Steve Ó Cualáin, Donal Joyce, Pól Ó Cuimín, Frances Ní Chualáin, Seán Ó Coisdealbha, Kathleen Breathnach, Ciarán Ó Finneadha, Caitlín Nic an Iomaire, Máire Nic Lochlainn, Peadar Ó Cualáin, An tSr. ??, Múirín Ní Fhlannchadha, Sarah Ní Chonghaile, Baba Ní Chualáin, Cáit Welby, Áine Ní Dhroighneáin, Brid Ní Churraoin, Máire Nic an Rí, Yvonne Nic an Adhastair, Máirín Ní Cheannabháin, Máirtín Ó Conghaile, Ní Fios, Colm Ó Cadhain, Tess Uí Fhlannchadha, ??, Eibhlín Ní Riordáin agus Seán Ó Drisceoil a d'agraigh an turas.*



Rang a 6, Scoil Sailearna, 2014-2015

Ar chúl: Fearghas Mac Lochlainn (priomhoide), Neasa Ní Chonghaile, Liadan Canny, Aoife Ní Choisdealbha, Jamie Ó Máille, Mícheál Pádraig Ó Máille, Robert Ó hAlluráin, Éilis Ní Chonaire (múinteoir an ranga)

Chun tosaigh: Sammie Ní Loideáin, Ruby Ní Chuinn, Síofra Ní Mhárta, Bróna Ní Cheallacháin, Aifric Ní Ghibne, Culann Ó Dochartaigh, Diarmuid Ó Donnchadha, Conall Ó Gríofa, Darren Ó Flaithearta



Rang a 6, Scoil Náisiúnta Cholmcille, An Tulaigh, 2014-2015

Ó chlé: Ailbhe Ní Chomhghain; Laura Nic Dhonnchadha; Stephen Ó Conghaile; Clodagh McCoy; Róisín Ní Chonghaile; Aoife Ní Neachtain; Chloe Bhreathnach Nic Eoin; Fodhla Ní Bhraonáin; Christopher Ó Flatharta; Mícheál Ó Curraoin Breathnach; Declan Ó Lochlainn; Evan Ó Márta; Tomás Ó Curraoin; Patrick Ó Gaoithín; Tommy Ó Donnchadha.

As láthair: Kianna Ní Mhárta; Aobh Nic Dhubhghaill; Maidhc Mac Dubhghaill.



Beartla Stiofáin Ó Conghaile agus a bhean, Jude

Forbairtí Áitiúla



Scoil Sailearna

Tá tús curtha le hobair mhór thógála agus athchóirithe ag Scoil Náisiúnta Sailearna ar an gCnoc. Áirithe leis sin tá seomraí nua ranga agus áiseanna eile, rud a fhágfas go mbeidh 12 sheomra ranga ar fad sa scoil ag deireadh na hoibre, mar aon le leabharlann, seomra do mhúinteoirí feabhais agus athchóiriú déanta ar na seomraí atá ar an

láthair cheana féin. Lena chois sin, cuirfear bóthar nua isteach chun na scoile agus tógfar carrchlós nua. Meastar go dtógfaidh an obair ar fad suas le bliain go leith agus beidh costas iomlán de €2.8 milliún i gceist léi. Tá deontas ceadaithe don obair mhór seo ach beidh roinnt airgid le bailiú go háitiúil freisin le bailchríoch a chur ar chúrsaí.

Páirc Nua an Chnoic

In ainneoin roinnt damáiste a rinneadh de bhalla ó dheas na páirce nua an tar éis na dtuillte báistí a thit sa gceantar i dtús Mhéan an Fhómhair, tá an obair geall le bheith críochnaithe ar dhromchla na páirce agus cuma na maitheasa ag teacht uirthi cheana féin.



Páirc Nua an Chnoic




Tearmann Éanna

Tearmann Éanna: Tá deontas €2.17m Ceadaithe do Thearmann Éanna ar an Tulaigh le breis tithíochta agus fearais eile a chur ar fáil don phobal. Mar chuid

den fhorbairt atá beartaithe tá an t-áras ar an Teach Mór ina raibh oifig an phoist in Indreabhán roimhe seo ceannaithe le hathchóiriú mar aon leis na 19 n-aonad

atá ar láthair Thithe Saoire na nOileán in Eanach Mheáin. Cuirfear na háiteanna sin in oiriúint mar thithe cónaithe do dhaoine incháilithe.




Tithe Saoire na nOileán



Sean-Oifig an Phoist



Grúpa ó Phléaráca in éineacht le Micheál D. Ó hUiginn ag ócáid i 1993, a bhí eagraithe ag an Combat Poverty Agency, i mBaile Átha Cliath nuair a seoladh an Scéim Ealaíon Pobail a bhí ar bun ag Pléaráca, eagraíocht a tháinig deireadh leis níos túisce i mbliana. Bhí Micheál D. ina Aire Oidbreachta agus Gaeltachta ag an am, ó chlé: Donncha Ó hÉallaithe, Pat Mitchell, Máire Bean Uí Chonghaile, Mairéad Uí Chuaig, Roisín Ní Mhainnín (damhsóir), Michael Mháire Ghabha?, Trish Mannion, an tAire Micheál D. Ó hUiginn, Johnny Ó Conghaola, Deirdre Ní Fhlatharta, Maggie Ní Scanláin, Jill Uí Dhuinn-Bhig agus Áine Ní Dhubhán.



Seosaimhín Ní Chonghaile as na Doiriú, Baile na hAbhann (ar chlé) a fuair an chéad áit agus Corn Philbin O'Dea, sa gComórtas Madraí ag Taispeántas an Spidéil siar sna ochtóidí. Sa bpictiúr in éineacht léi tá Pádraig Philbin agus Betty O'Dea a bhronn an Corn.

Seanscoil Sailearna



*An í sin Cáit Bn. Uí Chiardha i mbun
ranga lá breá gréine sna caogadaí?*